DA
911
035
1900Z

3 1761 08100878 1



From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

eolas ar éirinn

micheul ó cinnfaolaidh

sgilling.

arna chur i gcló agus arna foillsiú do
muinntir dollard, tig an chló, teo.
i mbaile átha cliath

1927

eolas ar éirinn

micheul ó cinnfaolaidh.

Digitized by the Internet Archive
in 2011 with funding from
University of Toronto

http://www.archive.org/details/eolasaririnn00ci

Eolas

EOLAS AR ÉIRINN

MICEUL Ó CINNFAOLAIDH

ARNA CUR I GCLÓ AGUS ARNA FOILLSIÚ DO
MUINNTIR DOLLARD, TIG AN CLÓ, TEO.
I MBAILE ÁTA CLIAT



DA
911
O35
1900z

cúigɛ muṁan.

Tá sé ċondae i gCúigɛ Muṁan, .i. Portláirgɛ, Corcaiġ, Ciarraiḋe, Luimneaċ, Cláir, agus Tiobrad Áran.

Portláirgɛ.

na príoṁ ḃailtí agus na Deuntúisi.

portláirgɛ, dúngarḃán, lios mór, tullaċ an iarrainn, tráiġ mór.

portláirgɛ, .i. port agus láirig. Láirig iseaḋ áit a mbeaḋ earraí dá gcur i dtír.
Sailltear bagún i bPortláirgɛ agus déintear bróga, grúdaireaċt, agus troscán ann.

dúngarḃán, .i. Dún a bí ag Naoṁ Garḃán, Manaċ dé órd San t-Aḃaistín a bí ann os cionn míle bliaḋain ó ċoin.
Déintear eudaiġe olainne ann.

lios mór, .i. lios mór Moċuda tugtar ar an áit sin, mar gcéall ar an ṗaid a ċaiṫ Moċuda ann ag an árd scoil a ċuir sé ar bun ann.

tullaċ an iarrainn, .i. cnoc an iarrainn. Tá a lán ḃailtí beaga i bPortláirgɛ, .i. Dún Mór, Clais Mór, Áird Mór, Coill Mic Tomáis Finn, Portcláḋaċ, agus an Eaglais. Déintear eudaiġe olainne ag Coill Mic Tomáis Finn, agus tá mianaċ uaṁa ag Bun Maċan.

an eaglais, .i. cill, teampull, séipeul.

ceapaċ ċuinn, .i. baile beag iseaḋ ceapaċ agus sloinne iseaḋ Cuinn. Tá brí§ eile leis, .i. áit nó §arrḋa saoruí§te.

áird mór, .i. áit áird, treo.

clais mór, .i. clais talmhan.

dún mór, .i. áit dainsean mór.

portcláḋaċ, .i. claḋaċ nó áit §arḃ in aḃainn.

coill mic tomáis finn, .i. an coill a bí ag Mac Tomáis Finn.

sléibte poirtláir§e.

Tá sléibte Chuic Maoil Domnai§ idir Contae Portláir§e agus Tiobrud Áran. Cnoc Maoil-Domnai§ an beann is aoirde díoḃ, 2,609 troi§te ar aoirde tá sé.

Tá sléibte an Comarai§ ann leis. Cnoc an Aifrinn an beann is aoirde díoḃ, 2,478 troi§te tá sé.

loċa.

Tá loċa áluinn a§ sléibte an Comarai§, .i. Com Seana§án, Com Fiaiḋ, Loċ Crota, agus Na Sceallóga.

cinn tíre.

Ceann h-Eilbic, Ceann Áirde Móire, Ceann Baile an Brúnai§.

aibne poirtláir§e.

Aḃa Cuilli§eáin a riotan isteaċ §o cuan Dún§arḃán. Tá Dún§arḃán ar a bruaċ.

An Maċain tiobsan i bparrai§e a§ Dun Maċan.
An Tae tiobsan i bparrai§e a§ an t-Sráid Baile.
An Dealgan tiobsan i bparrai§e a§ Baile Uí Baoi§ill.

Tomás Ó Meadair.

Rugadh Tomás Ó Meadair i bPortláirge. Nuair a bí sé aon bliadain deug d'aois chuaidh sé ag foghlaim léighinn go dtí Colláiste Chluain Gadha i gCill-Dara. Deirtear go raibh sé ar fheabhas chum eolais do bailiughadh chuige. Chuaidh sé go Stonyhurst ina dhiaidh san, chum an buille déidheadh agus an snas deireanach do chur ar a chuid léighinn, agus tar éis do teacht abhaile ní raibh aon deallradh neamh-choitcheannta air, ná aon tuairim ag aoinne go mbeadh a ainm amhairde fé bhruighead sé bás.

Acht nuair a scair sé le Cumann Domhnaill Uí Chonaill chuir sé féin agus roinnt eile cumann "Éire Óg" ar bun. Ní raibh sos ná suaimhneas air as san amach acht ag imtheacht ó áit go h-áit ag gríosadh na ndaoine chum cogaidh. Ní ró mhaith d'eirigh leis; rugadh air féin agus ar a chompánaigh, agus tugadh breath báis air. Níor chuireadh an breath i bhfeidhm pé sgeul é, acht d'fhógaruigheadh díbirt tar na farraigí go dtí talamh Dan Dieman air.

Tar éis do beith ceithre bliadhna san áit sin fuair sé na cosa leis san Earrach i mbliadain 1852 agus dein sé ceann ar aghaidh ar Shasana Nuadh. Bhí sé tamall in a dhlighdeóir agus tamall in a scríobhnóir páipeur ansan, acht ní aon taitneamh ró-mhór a bí aige do aon obair acu agus chuaidh sé san arm nuair bhí 'an troid idir Tuaisceart agus Deisceart Sasana Nuadh. Níl aon eachtra acht mar a eirigh leis. Deirtear gur b'é an taoiseach a bhéarr a bí ann é, agus eachtra an meas a bí ag gach aoinne air, acht is minic gur i lár an t-suaircis a tagan mi-ádh an domhain, agus ba mar sin a bain do Meadair boct. Táinig sé chum teangamháil len a bean an oidhche seo isteach go dtí áit a dtugtar Dún Deanntáin ar, agus nuair ná raibh aon iostas le fághail ag an Dún chuig sé a aghaidh ar cheann des na báid a bíodh síos agus suas an "Misúrí," Nuair a bí sé ag gabháil treasna úrláir

UACTARAIS NA LOINGE AN OIDÉE SIN CUAID A COS IN ACRANN I DTÉID A BÍ CAITTE ANN AGUS CUIREAD AR BIORR A CINN SAN ABAINN É. BA SIN É AN DEIREAD A BÍ AR MEACAIR—CEANN DES NA FEARAIB A BFÉARR A BÍ IN ÉIRINN LE NA LINN.

BÍOD DAOINE Á RÁD INA DIAID SAN GURAB AMLAD DEINEAD FEALL AIR, AGUS CA BFIOS DO AOINNE NAC EAD, MAR IS MINIC ROIMHE SIN A DEINEAD FEALL AR CÍREANNAIS SAN MBAILE AGUS IGCÉIN.

ADBAR CLEACTA—TADS GAODLAC AGUS DONNCAD RUAD, AGUS ROIBEARD DEIDON FILI. NA LOCLANAIS I BPORTLÁIRGE. NAOM DEAGLÁN.

Tá 83,766 daoine i bPortláirge.
Tá 452,912 de acair aige.
£217,633 isead meas a cuid talman.

Corca.

Na príom Baili agus na Deuntúisí.

Corca, Mainistir Fear Muige, Más Ealla, Mainistir na Coran, Beann Traige, Dúnmaonmuige, Sgibirin, Dún ar Aill, Cill na Mullac, Baile an Cullaig, Ac Treasna, Sráid an Muillinn, Más Cromta.

Tá mianaig guail fé iartair Corcaige. Tá mianac uama le h-ais Béara. Tá slinn le h-ais Clanna Caoilte.

Déinteair eudaige olainne ag an Dripseac. Sailltean bagún i gCorcaig, agus déintear cadás, leatar, bróga, gloine dathuighe, margarín, cairpini, leaca, leasuighe, gluaisteáin, srl., ann.

Déintear lása agus bricí ag Eocaill. Déintear leatar ag Dún Maonmuige agus ag Beanntraige.

CORCA.

CORCA, .i. Corcac, .i. Mainteán nó áit dos fliuc. Cuir Naom Fionbarra mainistir ar bun ansan

san séimeaḋ aois agus is timċeall ar an mainistir sin a ṗás agus a meuḋaiġ an ċaṫair. Is í Corca an treas caṫair is mó in É rinn. Bion an-ċuid oibre agus tráḋála ar siubal innte i gcoimnuiḋe.

mainistir ṗear muiġe, .i. mainistir na bpear a bíon ar an máiġ.

máġ-ealla, .i. máġ nó áit réiḋ, agus ealla, ba í sin an ainm a bí ar an méiḋ sin den abainn mór a ġaban ṫar an mbaile.

eoċaill, .i. coill eó.

cionn t-sáile, .i. an t-eiriġe is aoirde a ṫéinean an sáile, nó an muir ar abainn, nó ṗaill.

droiceaḋ na bannḋan, .i. bán agus ḋún.

beanntraiġe, .i. sliabh Beinn, mac Conċubair mic Neasa agus ċuir cuid den treiḃ fúṫa ansan.

máġ cromṫa, .i. an máġ crom, nó riar sceo (?)

clanna caoilte, .i. ḋúṫaiġ bí ag Clann Caoilte.

baile an ċullaiġ, .i. baile agus collaċ.

mainistir na coran, .i. mainistir agus coran an tuiseal na geinidinn ar "ċor" (?)

ḋúnmaonmuiġe, .i. ḋún na mbeann buiḋe.

baile mistéala, .i. sloinne iseaḋ Mistéal.

ḋún ar ṗaill, .i. an ḋún tá ar an bpaill, nó ar áit árḋ.

scibirín, .i. áit a mbeaḋ tarraingt an-ċuid báḋ beaga air. Scib, .i. báḋ beaġ.

caisleán martra, .i. baile nó áit a ndeunṗaí marḃuġaḋ ann.

Súgán Barra, .i. an scoilt nó an oscailt tá san áit sin agus isé Naomh Barra tá luaidhte san dara cuid den ainm, mar tar éis do seal a caitheamh ansan, chuaidh sé go dtí an áit a bhfuil Corca agus dein se mainistir ar thaobh an churraig mhóir a bí ann, agus is timcheall ar an gcurrach san a fás Corca.

Sráid an Mhuillinn, .i. sráid agus muilleann innte.

Béara, .i. oileán agus barúntas Béara i gCorcaig. Deir an sean-scéal gur thug Eogan Mór, Rí Mumhan, naoi mbliadhna san Spáinn agus gur fós sé ingear Rí na tíre sin. Insan nuair tháinig sé go h-Éirinn chum troda do chur ar Conn Ceud Cathach gur ar an taobh thuaidh de Bheanntraighe tháinig sé i dtír agus gur thug sé Béara ar an áit sin i dtaobh na h-ainime ceudna beit ar a mhaoi.

Bláirne, .i. páirc beag. Déintear eudaighe oiainne ansan.

Cill na Mullach, .i. cill a bead deunta ar mhullaigh. Boutez en avant is ainm don áit sin anois. Gáir cogaidh bí ag Mainistir de Barra é sin, .i. chum cinn.

Baile Átha Ubla, .i. an baile tá ar áth na n-uball. Ar an abainn mhór tá an t-áth san.

Beul Átha Dá Chab, .i. an beul átha a bhfuil an dá chab nó an dá beul air.

Sléibhte Chorcaighe.

Sléibhte an Bhogaraigh, .i. sléibhte bhoga fhliucha.

Suidhe Finn, .i. Suidheacháin Finn 1,406 troighthe ar aoirdhe.

Seithe, .i. sléibhte síde. (?)

Cnoc na gCeachan, .i. cioch; feathrainn.

cuanta agus báda corcaige.

Cuan Corcaige, Cuan Eochaille, Cuan Cinn tSáile, Báj Beanntraige, Báj Dunmacnuis.

aibhne corcaige.

Eirigean an Abha Mór i gCiarraige agus teidean sí i bfarraige i gCuan Eochaille. Is inseolta go Ceapach Cuinn í. Tá Eochaill, Mainistir Fearmuige agus Máj Ealla ar a bruach.

Eirigean an Laoi i nGúgán Barra agus teidean sí i bfarraige i gCuan Corcaige. Is inseolta go Corcaig í. Tá Corca ar a bruach.

Eirigean an Bannda i gCorcaig agus teidean sí i bfarraige ag Ceann t-Sáile. Tá sí 45 míle ar fad.

cinn tíre corcaige.

Dún Chearmna
Carn Uí Néid — Ainmeacha daoine iad seo go léir.
Ceann Cléire

Ceann Dún Deagha.
Ceann na Tuatha, .i. na tíre.
Ceann Amlaoid.
Na Seacht gCeanna.

Ó Súilleabáin Béara.

Nuair a géill Del Acuille ag Ceann t-Sáile bi trí caisleáin eile a cúram air leis, agus scaoil sé uaid go hoj iad san com maith. Ba é caisleán Dúnbuide an ceann ba láidire agus ba tábhachtaige díob. Ba le Súilleabáin é sin agus bí sé ar buille déarg cum an Spáinnig cionn é thabairt uaid gan gád.

Acht fén tóg na Sasanaig seilb an Chaisleáin dubairt Súilleabáin ná beadh sé choidche acu agus ba é rud a cheap sé ná teacht i gan fios ar na Spáinnig agus é bainte díob.

Nuair a bíodar go léir ina gcodlad cuaid sé féin agus a cuid fear ag triall ar an áit; deineadar poll trí falla an caisleáin agus isteach leo. Tugadar cead dos na Spáinnigh imteacht leo má ba maith leo, acht d'fan cuid acu san caisleán agus tugadar an-congnam cum na h-áite a cur i gcóir cosanta.

D'fág Súilleabán an áit fé Risteard Mac Aodagáin ansan agus cuaid sé ag triall ar a muintir cum misnigh agus nirt a cur ionta.

Ní deurfad aoinne go mbead seilb Caisleáin Dúnbuide ag na Sasanaigh com bog agus do síleadar é. Bíod ag coinne le cabair ón Spáinn agus dá dtiocfad an cabair sin bead siar ar na Sasanaigh.

Ba deacair dul ag triall ar an gcaisleán mar ná raib de conaire ann acht casáin sléibe agus curraigh, agus bí Muintir Uí Súilleabáin ag faire gach bealaigh agus gach máma. Ba deacara ná san triall ar ón bfarraige mar bí an canáile an contabartach.

Bí nios mó ná mí caitte fé bfuair Carew a cuid saighdiúirí a tabairt gairid don áit, acht nuair a fuair dein sé moill ag Dáigh Deannraighe gur tainig átraighe cuige le biad. Cuaid sé isteach os coinne an caisleáin ansan agus ceithre míle fear aige, cum cur ar ceud daficead agus trí a bí ag cosaint an caisleáin.

Lean an bualad ar fead aon lá deug agus deineadh brus agus criothnugad des na fallaí. Cuir Mac Aodagáin sceula amach go ngéillfead sé ar coingeall ná bainfaí a gcuid airm des na saighdiúirí a bí ina fochair, acht ba é cóiriughad a fuair an teachtaire ná é crochad agus tug Carew órdúgad don a cuid saighdiúirí gan aon sos a theacht ar an troid.

Nuair a bíod ag buaidhead ceart ar na Gaedil riot daficeadh acu amach mar súil a's go bfuighdis dul de snám go h-Oileán Béara, acht bí saighdiúirí Carew ins na báid amuigh agus lámhad na Gaedil go léir. An méid nár theich díob cuadar síos fé talamh cum

fuireac sa troid go dtiocfaid an bás orra le h-eirighe an lae imbáirigh. Nuair táinig an lá dosnuigh an guna mór airis agus goineadh Mac Aodhagáin. Ní raibh le deunamh ag an cuid eile acht géilleadh.

Táinig saighdiúiri Carew isteach agus connacadar Mac Aodhagáin ag iarraidh deunamh ar na barrailli púdair agus coinneal lasta ina láimh aige, mar b'fearr leis an caisleán agus é féin do bladhmadh san aer ná é beith i seilb namhaid. Ní fada cuaid leis. Cuir na Sasanaigh deiridh leis féin agus len a muintir. Dioid Carew á ráidh ina diaidh san ná feacadh lucht cosanta riamh com maith leis an dream a bi ag cosaint caisleán Dún-Duibe, acht gurab é féin a bi imúil dóibh mar nár fág sé duine acu beo.

Ní raibh dada le deunamh ag Súilleabáin ansan. Ní raibh tigh na teaghlach aige acht dá falla an caisleáin, direach mar tá siad indiu. Is amlaidh bi a muintir go léir agus a gcuid caoire agus ba i nGleann Garbh agus a cuid saighdiúiri dá gcosaint, ag braith ar an gcabair a bi le teacht tar sáile, acht ba í sin an braid gan leann, mar nuair d'airigh Rigi na Spáinne, .i. Pilib, cad a bain do Súilleabáin cuir sé cosg leis an gcabair a bi le teacht. Agus cum an mí-ádh do deunamh ar an sceul fuair Aodh Ruadh Ó Domhnaill bás san Spáinn. Bi sé ráidhte gur mhí a fuair sé agus ba eadh leis, mar crochuigeadh ó coin go raibh láimh ag fear dárb ainm de Bláca san obair.

Ba olc an sceul do muintir Uí Súilleabáin é sin. Bi an sceul go maith acu faid agus bi an samhradh ann, acht ní raibh dada indán dóibh ar teacht an geimhridh acht gorta agus anró.

Bi na Sasanaigh ag brughadh leo gach aon lá agus ní bead truagh ná taise do aoinne a radhadh i lion Carew.

Deunfadh Súilleabáin agus a cuid saighdiúiri iarracht maith ar tabairt fé chuaisceairt na h-Éireann meiread na sean-daoine agus na daoine laga a bi ina bpocáir.

Ba é an scian trío an gcroíde leis iad do fágaint ina diaidh; ní raib le deunamh aige acht iad go léir do ardaċ leis; agus agaid a tabairt ó thuaidh agus muingin beit aige as Dia.

Thuaidh sé ó thuaidh agus ní gan thuadh é, mar ní raib aon áit ná raib namaid. Deirtear nár dein aoinne riamh roime sin an gaiscid dein sé ag dul ó thuaidh do, acht sgeul fada é sin agus beidh lá eile againn air.

Súilleabán Abú,
Croid go neamh-spleádaċ,
Sin sé na méit foic
Agus thuaidh sé an lá.

Tá 391,190 de daoine i gCorcaig.
Tá 1,838,921 de acáir aige.
Tá £796,065 meas ar a chuid talmhan.

Ádhar Cleachta—Na Buachaillí Bána; Meurai Chorcaige.

Ciarraide.

Na príomh Baillí agus na Deuntúisí.

Tráig Li, Lios Tuathail, Cill Áirne, Cathair Saidhbin, Cill Orglain, Daingean Uí Chúise, An Neidin.

Tá sinn ag Dairbre; deintear stocaí ag Tráig Li; déintear armaí céirtseamhail ag Cill Áirne.

Ba é cúis ar tugadh Ciarraide ar an áit sin ná gur le clainn Ciar an dúthaig a bí ó deas ó Mhaimistir na Féile, agus i gcaitheamh na h-aimsire tugadh Ciarraide ar an gcondae go léir.

Lios Tuathail, .i. lios, agus ainm iseadh Tuathal.

Cill Áirne, .i. cill a mbeadh tora áirne timcheall uirre.

Traigh Li, .i. traigh an Laoi, aba beag ba eadh an Laoi a bi ag riocht isceach go dti an baile. Nil si ann anois.

Cathair Saidhbhin, .i. dún cloiche, agus ainm mná iseadh Saidhbin.

Daingean ui Chúise, .i. dún láidir; sloinne iseadh Cúis.

Lic shámh, .i. leac sháimh a beadh in adhaimh.

Cill Orglain, .i. cill naomh Orglain.

An neidhin, .i. áit chluichmhair, nó neadh.

Sléibhte Ciarraighe.

Tá trí sreatha sliabh i sléibhtibh Ciarraighe: An Sliabh Theas, an Sliabh Meadhoin, agus an Sliabh Tuaidh. Tá an Sliabh Theas idir Cuan Daoi agus Inbear Scéine. An Cnoc Dhuibhe an beann is aoirdhe dhíobh, 2,321 troighthe ar aoirdhe tá sé.

Tá an Sliabh Meadhoin idir Inbear Scéine agus Cuan an Daingin agus is orcha san tá Cruacha Dubha mhic Giolla Chosa. Corrán Tuathail an beann is aoirdhe dhíobh, 3,414 troighthe ar aoirdhe tá sé; 2,756 troighthe ar aoirdhe tá an Mangartach.

Tá an Sliabh Tuaidh idir Cuan an Daingin agus Loch Foirbhreamhain. Cnoc Bhreanndáin an beann is aoirdhe orra, 3,127 troighthe ar aoirdhe tá sé. Sliabh eile tá i gCiarraighe ná Dá Chích Danann. Is mar gheall ar an ríoghan Danann a tugtar an ainm sin ar an sliabh.

Locha Ciarraighe.

Loch Torc, .i. torc agus loch.

Loch Mucruis, .i. muc agus loch.

loċ léin linnfiaċlaċ, .i. ceárdaide a bí ina ċomnuide le h-ais an loċa sin a raib fiacla geala aige agus is mar geall ar sin a baisteadh an ainm ar an loċ.

loċ an ċoráin, .i. an loċ tá ag an ċorán, nó ag an gcor cam talmhan.

aibne ċiarraide.

An leamhain ag taosgadh loċa léin agus ag dul i bparraige ag Tuinn Tóime. An ruaċtaċ tá ag dul i bparraige ag Inbear Scéine, agus an Meadoin tá ag dul i bparraige ag Báġ an Daingin. Tá Cill Orglain ar an leamhain, an Neidin ar an ruaċtaċ; Lios Tuaṫail ar an féil.

cuanta agus báġa ċiarraide.

Bíon iasgaireaċt trom ar siubal i gCuanta Ċiarraide agus leaṫ-is-amuiġ díob. Bíon báid iasgaireaċta ann ó gaċ áird agus is trom an tuille airgid a bíon ag rioċt ann le linn na h-aimsire sin. Macréili is mó a marbuiġtear ann. Is amlaid sailltear a lán acu agus ansan iad a ċur go Sasna nuaḋ.

inbear scéine, .i. gearraḋ nó uaċais beaḋ deunta ag an bparraige isteaċ san tír. Isteaċ ansan táinig Caesir faḋó, roimh an Dileann.

Do ġluais anoir Caesir.
Ingean do Bioċt an bean.
Gona caogaḋ ingean.
Gona triar fear.

Deirtear gur mair ceann des na fearaib a bí ina foċair, i bpaḋ tar éis na Dileann, .i. Fiontán.
Báġ an Daingin, Báġ Breanḋáin.

cinn tíre ciarraidhe.

Ceann Bólais, Ceann Brí, Ceann Dóláis, Ceann Sléibhe, Ceann Dúin Mór, Ceann Sibil, Ceann Breannáin, Ceann Ciarraidhe.

oileán ciarraidhe.

Oileán Dairbhre agus na Blosgaedi.

Tá cábla ó Oileán Dairbhre go Sasna Nuadh.

fionn mac Cumhaill.

Bí Fionn Mac Cumhaill ag fiadhach ar bhruach Loch Léin fadó riamh, agus bí cuid mhaith des na Fianna ina fhochair; bí ard spórt agus ri-rá acu agus an-chuid cuir a baile. Sa bhfiadhach dóibh connacadar bean álainn ag triall chuca agus í ar mhuin capaill bháin.

Bí srian agus diallaid óir ar an gcapall agus beulmhac óir ina beul, agus bí a folt féin ar dhath an óir chomh maith. Nuair táinig sí gairid dóibh d'fiafruig Fionn di cad a bí uirre, nó cad a bí uaithe nó arbé a céile d'imthig uaithe? Dubairt sí sin nár ba é, acht gur airig sí tráchт ar a mac Oisín agus gur táinig sí ar fad ó Tír na n-Óg fé na dhéin.

Nuair do airig Fionn agus na Fianna é sin táinig an-chathughadh agus an-bhuairt orra, acht dubairt an bean leo nár ghádh dóibh beith ag deunamh aon olagóin, mar go mbeadh Oisín óg choidhche san áit a raibh a triall.

Chuaidh Oisín ar mhuin an chapaill ansan ina fhochair agus thugadar aragon a n-aghaidh ar Tír na n-Óg. Nár bhreágh dhúinn go léir dá bhfuigmis dul ansan acht ní bhfuigmidh, agus ní mar sin a bhíon an sgeul againn ar aon chor san tír seo againn-ne:

Mar ní thagan an óige fé dhó choidhche,
Acht tagan an bhrón fé dhó san oidhche.

Ábhar cleachta—Sceul Tomáis Áigis, agus Sceul Naoim Breandáin, agus Sceul Domhnaill Ui Conaill.

Tá 159,268 de daoine i gCiarraidhe.
Tá 1,161,752 de acair aige.
Tá £224,424 de meas ar a chuid talmhan.

Clár.

Na príomh Dailtí agus na Deuntúisí.

INIS, CILL RUIS, CILL DÁ LUA, CILL CAOIDHE.

Déintear leaca ag Cill Ruis. Tá Sinn ag Cill Dá lua.
Tá Cill Ruis agus Cill Dá lua ar an t-Sionainn. Tá Inis ar an Fearsus.

CLÁIR.

CLÁR, .i. píosa talmhan réidh.

INIS CLUANA, .i. oileán nó cluain le h-ais na h-abhann. Bí sean mhainistir Cuinche ar an dtaobh thoir theas de Inis.

INIS CEALTRA, .i. oileán tá i loch Deirg Deirc agus bí scoil air fadó. Colum Cille do chuir ar bun í.

CILL DÁ LUA, .i. Cill Naoimh Dá lua a bí ann san séimeadh aois.

CILL RUIS, .i. an chill tá ag an cheann tíre.

CEANN CORA, .i. ceann an choir a bí san abhainn cor sin (weir). Ansan a bí pálás Brian.

INIS DÍOMÁIN, sloinne iseadh Díomán.

SRÁID NA CATARACH, .i. sráid agus cathair.

an scaraiḃ, .i. áit ġarḃ eaḋoṁhin nó euḋṙom.

tuaim ġréine, .i. Tuaim na mná uaisle sin ġrian. ṙeuċ ar ṗálás ġréine.

cill ċaoiḋe, .i. Cill Naoiṁ Caoiḋe.

lios ċanair, .i. Canair, sin ainm duine.

carraiġ an ċoḃalaiġ, .i. coḃlaċ a ḃíoḋ ar ancaire le h-ais na carraige sin.

cill an ḋíseairt, .i. cill a mbeaḋ díseairt ġairiḋ di.

ṙiacail, .i. deirtear ġur ċuir ṙiacail ó naoiṁ éigin ansan.

sléiḃte Clár.

sliaḃ callain, .i. sliaḃ a mbeaḋ cuilleann ag ṙás air.

cinn tíre Clár.

Ceann léime, Ceann Cailliġe, Ceann Duḃ. Deirtear ġur rioċ laoċ éigin (Cuċullainn aḋeir daoine) ó ṡean-ċailleaċ ó ġaillimh go Ceann léime, ansan nuair bí sí sa cóir na ḋiaiḋ ġur ċuaiḋ sé de léim ar cloiċ san ḃarraige, aċt ġur ċuaiḋ sí ina ḋiaiḋ. léim sé tar ais ansan. Tuġ an ċailleaċ iarraċt ar ċeaċt ina ḋiaiḋ aċt ċuir sí sa ḃarraige agus scuabaḋ a corp tar ais go Ceann Cailliġe. Mal ab ainm di agus tugtar Tonn Mal ar an áit sin den ḃarraige idir an dá ċeann.

Brian Bóiriṁe.

Bí Brian Bóiriṁe ina ċoṁnuiḋe ag Ceann Coraḋ ar bruaċ na Sionnaine an-ṙaḋa ó ċoin. Ní morán de ċuairiġ a áit ċoṁnuiġte tá ann anois, aċt bí lá eile ag an áit sin agus ba ṁór le ráḋ é.

Rugaḋ Brian san mbliaḋain naoi gceuḋ fiche sé. Ní aon tuairisg ró iomlán tá le fáġail ar a óige, acht nuair do aosaiġ sé beagán, ní raiḃ laoċ i Múmain ċoṁ cróḋa ná ċoṁ misneaṁail leis.

Bí an-scrios deunta ag na Loċlanaiġ ar an tír le linn Briain beiṫ ina ġarsún, acht ċoṁ luaṫ agus táinig ann é níor ṫug sé sosaḋ ná suaiṁneas ḋóiḃ acht 'á scraḋ agus 'á ruagaint gur ċuir sé fé ċois iaḋ.

Ṗós sé Gormflaiṫ—máṫair an ríġ a bí ar Loċlanaiġ Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Bí a ċúis féin aige leis sin acht ní ró-ṁaiṫ a réiḃ sí féin agus Brian len a ċéile mar bean a raiḃ an iomarca ḋen t-sainnt ag baint léi ḃa eaḋ í, agus b'feárr léi Brian beiṫ as an t-sliġe ċum go mbeaḋ rialúġaḋ na h-Éireann ag á mac féin, Sitric.

Bí mac ag Brian, Murċaḋ ab ainm ḋo, agus bí an gráin ḋearg ag Gormflaiṫ air sin.

Táinig duine muinteartha do Brian go Ceann Coraḋ aon lá amáin, acht ní raiḃ fios ag Gormflaiṫ ná gur duine muinteartha ḋí féin é. Doċtúir ḃa eaḋ an duine sin agus ḃa é ainm a bí air ná Lonán. Bíoḋ sé féin agus Gormflaiṫ ag caint ṫoṫaoḃ luiḃeanna go minic agus ċeapaḋar niṁ a ṫaḃairt do Brian, acht d'innis Lonán an sceul do Murċaḋa agus ḋuḃairt sé go gcuirfeaḋ sé ar a súil do é pé lá a ṫiocfaḋ an niṁ ar ḃóṙḋ.

Bí san go maiṫ, táinig an niṁ ar ḃóṙḋ i ḋtrí uḃall, lá ṫar éis ḋóiḃ a n-ḋinneur beiṫ ite acu, agus ḋein Lonán é ċur ar a súil ḋóiḃ. Brian agus Murċaḋ agus Traoiḋeallaċ Mac Murċaḋ bí ag an mḃóṙḋ. Níor ḋein Murċaḋ acht ceann ḋes na h-úḃlaiḃ do ṫaḃairt ḋon ḃeaṫa ġaḋair a bí ag Gormflaiṫ agus sloġaḋ ar an áit sin é. An feuċaint ṫug sí ar Lonán ḃa ṁeasa í ná barrántas. Ġaḃaḋ ansan í agus cuireaḋ aḃaile ċum a mic go Baile Áṫa Cliaṫ í. Tamall ina ḋiaiḋ san iseaḋ ṫosnuiġ caṫ Cluana Ṫarḃ. Briseaḋ comhacht na Loċlanaċ ag an ċaṫ san acht marḃuiġeaḋ Brian agus Murċaḋ agus Traoiḋeallaċ.

Aoine an Ceusta san mbliadain 1014 a bí an cath san ann.

Bí ingean do Brian pósta ag Sitric agus ingean eile ag Cian.

Aobhar cleachta—Aoibill, Bainrioghain Sluagh Síde Chuaidh Mumhain; na huachaillí do lámhaigh amhais Sasana ag Cill Dá Lua agus in áiteanaibh eile i gCláir. Togha Fáirneil.

Tá 104,064 de dhaoine i gCláir.
Tá 783,332 de acair aige.
Tá £273,582 meas ar a chuid talmhan.

luimneach.

na príomh Bailtí agus na Deuntúisí.

luimneach, ráth gcaola, cromadh, baile an ghaRRda, an caisleán nuadh, gleann corbraighe, cill mocheallóg, brúgh na ndéise, cill fionáin.

Déintear léintreacha, lása, muilneóireacht, agus margarín ag luimnigh: Saillteair bagún ann leis, tá obair mhór na Sionainne gairid do anois.

Déintear carbóid i Ráth gCaola.

luimneach, .i. áit iom.

Cathair aosta iseadh luimneach. Tá sí ar bhruach na Sionainne. Is í an ceathramadh cathair is mó i néirinn í. Saillteair bagún agus liamás innte agus déintear go leor trádala loingeas cúiche is uaithe. Cathair cuain iseadh í.

Ráth gcaola. Ainm duine iseadh gCaola.

An caisleán nuadh.

brúġ na nDéise, .i. brúġ, sin dún nó pálás na nDéise.

brúġ ríġ, dún na Ríoġ, mar ba ansan a bí príomh Dún Oilill Olaṁ Ríġ Muṁan san dara h-aois, agus bí Muintir Uí Donabáin ann ina diaid san.

cill fionáin, .i. ainm naoiṁ iseadh Fionán.

cill Diama, .i. cill naoiṁ Diama.

caisleán ó gcomnaing, .i. Caisleán Muintir Uí gComnaing. Caisleán Uí Conaill tugtar ar an áit sin anois. Áit deas iseadh é, agus tá dún-easa buailte leis.

eas geiftine, .i. eas tá ar an Daol le h-ais an baile. Ainm duine iseadh Geiftine.

pálás gréine, .i. an pálás a bí ag grian na Léacan. Dan-draoi ba eadh an grian seo agus deir sí broca de cúigear cloinne Conaill a ionsuiġ brúġ nó lios a h-athar. Ba é ainm a bí ar an gcnoc tá taoib leis an áit roiṁe sin ná cnoc na gcurad, .i. gaisciúiġ.

pálás Conraiġe, .i. An pálás a bí i ndúthaiġ Conraiġe.

cathair con lis, .i. An cathair atá ag ceann an leasa.

ceapach mór, .i. áit ṁór a bead saoruiġte: baile beag.

mainistir na féile, .i. an ṁainistir atá ar an abainn sin féil no fial.

cill íde, .i. Cill naoiṁ Íde.

crom, .i. áit crom (?), bíod "Crom Abú" mar gáir cogaid ag na Gearaltaiġ, agus is iomda uair a bíod filide na Máige ar a suaiṁneas timcheall na h-áite sin.

gleann, .i. gleann Coirbreach a lán ainm. Sloinne is eadh Coirbreach.

finn inis, .i. fuinneadh, an áit a dteidhean an ghrian fé, deiridh aon ruo. Uaireanta tugtaí fuinneadh ar Éireann, mar siltí gurab i an faobhar tiar den domhan i

aidhne luimnighe.

an mháigh, .i. adha na Máighe, sin adhainn a dtead ag gabháil trí talamh réidh.

an daoil, .i. adhainn a mbeadh dath dubh uirre (?)

an fial, .i. fial, bean Lughaidhe mac Iotha, uncal do Mhiléiseas. Deirtear go raibh fial lá ar shámh san adhainn sin agus gur táinig a fear go h-oban, agus nár aithin sí é, agus go bhfuair sí bás le háire.

an t-sionainn. Tá luimneach ar bhruach na Sionainne, agus tá sí 224 de mhílte ar fad, agus aon mhíle deug ar leithead ina beul. Is í an adhainn is mó in Éirinn í agus déintear a lán iasgaireacht bhradán uirre.

"Cuimnigh an luimnigh agus an fhéall na Sasanach."

Nuair a bí deiridh le cath na Bóinne bí an cuid ba mhó de Éirinn i seilbh Rígh Uilliam, agus ní raibh le deunamh ag saighdiúiri na h-Éireann acht an méid den tír a bí siar ón t-Sionainn do cosaint com maith agus do bha fhéidir leo.

Bha sin í uair a raibh Pádraig Sáirséal Fí réim. Bí meas agus urraim ag gach aoinne do agus dubhairt sé nár b' fhearr ruo a deunfaí ná leanmhaint de an troid com fada agus do bha fhéidir é.

Bha iad an dá áit ba mhó a raibh práidhinn cosanta orra na luimnigh agus Áth Luain. Bha é an Taoiseach de Ghrás a bí in Áth Luain agus níor b' fhada do go dtáinig an Taoiseach Dúbhglas agus a cuid saighdiúiri

Sasannaċ ag iarraiḋ seilḃe an ḃaile móir. Ḃa é freagra a fuair an teaċtaire ná urċar do ċaiteamh os a ċionn agus órduġaḋ taḃairt dó a ráiḋ len a maiġistir gur ab í sin an t-seilḃ agus an oċaráil a bí le fáġail aige. Ċosnuiġ Duḃġlas len a ċuid gunaí mór a ag caiteamh leis an mbaile mór agus d'fan sé ag gaḃáil do riaṁ agus ċoiḋċe gur airiġ sé go raiḃ Pádraig Sáirseul agus a ċuid saiġdiúirí ag teaċt ag fóirint ar an mbaile. Ḃog Duḃġlas leis ansan go luimneaċ áit a raiḃ Riġ Uilliam féin agus 26,000 fear ag fuireaċ le gunaí mór a do bí ag teaċt ó Ḃaile Átha Cliaṫ.

D'airiġ Sáirseul tráċt ar na gunaí móra san agus ċuġ sé fiaiḋ ná sroiċfidís luimneaċ go bráṫ. Ḃa fíor do. Ċoiġ sé 500 des na fearaiḃ a b'fearr dá raiḃ aige agus ḃog sé leis ón ċaṫair agus ċuaiḋ sé treasna na Sionainne agus ċuġ sé a aġaiḋ ar Śléiḃṫe Caiṙp Úir i dTiobruid Árann, agus d'fan sé i bfolaċ ann ar feaḋ an lae sin.

Śil na Sasanaiġ go raiḃ gaċ aon ruḋ ar a dtoil acu; staḋadar ċimċeall Ḃaile an Ḟaoiṫiġ ċum na h-oiḋċe do ċaiteamh ann. Fuair Sáirseul teaċt ar an bfocal faire de ċiotarainn, agus nuair bí gaċ aoinne ar a suaiṁneas fread sé anuas san mullaċ orra agus ḋein sé iosbairt ar na gunaí agus ar na córaċa caṫa go léir a bí acu. Ḃa í a ainm féin a bí mar focal faire acu.

Ḃa é an seó an droċ-ṁisneaċ ṫáiniġ ar na Sasanaiġ ansan, aċt bíodar riġin, gliċ riaṁ agus ċeapadar a suaiṁneas go bfuaireadar córaċa coġaiḋ, agus ba sin é uair a ċosnuiġ an troid lom dáiriri, ceart, i luimniġ.

Ṫáiniġ na Sasanaiġ an-ġairid do luimniġ ansan, agus ṫáiniġ cuid acu isteaċ trí na fallaí, aċt má ṫáiniġ féin, ba ḋéirc leo a scosa d'fáġail amaċ aris as. Ḃaċtra an troid a ḋein mná agus fir luimniġe. Ċuireadar an ball ar an Sasanaċ le linn na h-uaire

sin agus bí sé le ráḋ acu gur buaḋar ar Rig nár buaḋ riaṁ roiṁe sin air, agus caiṫpimíḋ breis measa beiṫ againn orra mar gur buaḋar air le caol-ċuiḋ den ṗúḋar agus gan de ċosaint acu aċt sean-ṗallaí criṫeánaċa.

Aċt bí lá ḋona le teaċt ar luimniġ, agus táinig sé leis, mar nuair a buaḋaḋ ar na h-Éireannaiġ i nÁṫ luain, ní raiḃ le deunaṁ ag an méiḋ a ṁair ḋíoḃ aċt casaḋ ar luimniġ. Seasaiġ Pádraig Sáirseul ċeiṫre seaċtṁaine ina ḋiaiḋ san aċt ní ḃruiġeaḋ sé seasaṁ go bráṫ, ar ṡon naċ aon t-saiṁt ró-ṁór a bí ar ġinċeal ċum luimniġe mar gur múineaḋ ceaċt ró-ṁaiṫ ann do ḃliaḋain roiṁe sin, agus ċuir sé sceula síoṫċána ċum Sáirseul. Deineaḋ an tsíoṫċáin aċt ba í sin an tsíoṫċáin ḋona mar ċuaiḋ an-ċuiḋ ar ṗaḋ de ṡaiġḋiúiri na h-Éireann ag troiḋ ar son na Frainnce agus marḃuiġeaḋ Sáirseul féin ar Máiġ leanḋan. Nuair a ċonnaic sé ṗuil a ċroiḋe á taḃairt aige ḋuḃairt sé gurab é an míle truaġ naċ ar son na h-Éireann a bí sé ag ṗáġail báis, agus ba sin deiriḋ le fear ġroiḋe misneaṁail a ṫroiḋ ċoṁ ḋian san ar son na hÉireann, agus fear a bain béic as Ṡasanaiġ.

Aḋḃar cleaċta—ṗiliḋe na Máiġe. Meurai luimniġe. Tuaḋ Muṁain ṗaḋó.

Tá 142,846 de ḋaoine i luimniġ.
Tá 662,973 de aċair aige.
Tá £403,688 meas ar a ċuiḋ talṁan.

Tiobrud Árann.

na príom Baltí, agus na Deuntúisí, agus na mianaig.

Tiobrud Áran, Dúrlas éile, Cluain meala, Carraig na Siúire, Caiseal mumhan, Aonach Urmumhan, Teampull mór, fíod árd agus Clochán an Margaid.

Tá mianad airgid, luaidhe agus Sinnc ag Aonach Urmumhan; tá slinn ag Carraig na Siúire.

Déintear grúdaireacht i gCluain Meala, agus déintear ciseáin ag Carraig na Siúire.

Cluain meala, .i. cluain nó moinfeur meala. Díon grúdaireacht ar siubal ansan. Déintear leatan agus carrai ann leis.

Tiobrud Áran, .i. tobar Ára, .i. an dúthaig a raib an tobar ann. Is é áit a raib an tobar san ná mar a bfuil an t-sráid mór anois, agus tugad an ainm ar an mbaile mór agus insan ar an gcondae de deasgad an tobair.

Carraig na Siúire, .i. an Carraig tá insan tSiúir.

Aonach Urmumhan, .i. Aonach na Mumhan Thoir.

Dúrlas éile, .i. lios láidir agus éile, nó éile Uí Fógartaig. Ba le muintir Uí Fógartaig an dúithe mór timcheall na h-áite sin.

Caiseal mumhan, .i. Dún cruinn cloiche agus ba é seo príom Chaiseal na Mumhan iodhaidh comhnuidhe beith ar na rígthibh ann.

Ros Cré, .i. coill Cré.

teampull tuaithe, .i. an teampull ba mó le ráth insan dúthaigh sin.

teampull mór.

cathair dún iascaigh, .i. dún cruinn cloch iasg.

fíod árd, .i. coill árd.

buirgéis na fearna, .i. crann fearna nó (alder).

iomlach iubhair, .i. áit a bead ar imioll locha agus iubhair, sin crann iubhair. Cuir Naomh Aibhe cill ar bun ansan san chúigmhadh h-aois.

buirgéis i léith, .i. an buirgéis tá i ndúthaigh Uíléigh.

tuaim uí mheára, .i. uaigh nó tuaim Uí Mheára.

sléibhte tiobruid árann.

Crota Cliadh nó na Gealtí indeisceart Tiobruid Árann. Sliabh gCrot an beann is airde dhíobh. 3,015 troighthe atá sé.

Sliabh Coimeálta nó an Chaithir Úr. Cnoc Coimeálta an beann is airde. 2,278 troighthe tá sé. Tá sléibhte an airgid in-iarthar Tiobruid Árann.

Bearnán Éile 1,583 troighthe ar airde; ar an taobh thuaidh de Tiobruid Árann tá sé.

Sliabh na mBan feimean ar an taobh thoir theas de Tiobruid Árann. 2,364 troighthe ar airde tá sé.

aibhne.

Eirighean an Fheoir i mBearnán Éile. Tá sí 80 míle ar fad.

Eirighean an t-Siúir san áit cheudna; tá sí 119 míle ar fad agus is inseolta go Cluain Meala í. Tá an Charraig agus Cluain Meala uirre.

Eirigean an Dearbh i Sliabh Bladhma, tá sí 96 mile ar fad. Is inseolta go h-Aċ-Í i. Teiteo go leir i bparraige ag Portláirge.

Carraig Ċaisil.

Ba é Cormac mac Muireadhaig a dein teampull Ċormaic i gCaiseal. Fear cráibdeach, calma, fial ba eadh é, agus bí sé amuig ar gurb é a b'fearr fé bráth, fé eudach agus fé gach aon ruth eile ċoin maiṫ, aċt má bí sé fial, fairsing, flaiṫeamhail, nior dein san do é, mar mharbuig Diarmuid Súgach Ó Conċubair Ċiarraighe é agus ba é duine a séid fé ċuim é marbuġadh ná Traoidhleaċ Ó Briain, a ċliamhain, a ċárdas Críosd, agus a altram féin.

Deirtear gur insan mbliadhain 1134 a.d. a coisreacadh teampull Ċormaic agus go raib an domhan tuaṫa agus cléir i láṫair ann.

Tá roinnt deallradh ag séipeul Ċormaic le séipéil eile dá ṡaġas in Éirinn, aċt is roinnt é. Is amhlaidh mar tá an sgeul, meireaċ an deiġilt ċeudna beiṫ air leis an gcuid eile ni deurfaí go bfuil aon deallradh ar aon ċor aige leo. Níl aon fuinneog seangail ar an taob ṫoir mar is gnáṫ. Ruth eile, ni raib aon doras ar an taob ṫiar de aċt ceann a cuireadh ann tamall maiṫ tar éis a deunta. Ruth eile fós, tá túr cearnógach ar gaċ taob den a lár, an áit a gceanglan sé leis an seanga. agus ni aon aoirde amháin tá ins na túir seo. Tá an ceann ṫeas ṫimċeall caoga cúig troiġte ar aoirde agus an ceann imṫiġte de agus an ceann eile caoga troiġte. Tá órnáidi creasa agus bannaí ar an túr ṫeas, agus níl an crios is aoirde acu aċt trí troiġte ón talamh, aċt is mó ruth ionġantaċ tá le feiscint ṫimċeall an tséipéil seo. Ċuirfeadh sé ionġantas ort dá bfeicfeá é agus ansan ċuirfeadh sé náire ort ráidhte go bfuil áiteanna ionġantaċa mar sin ċoin gairid dúinn agus gan pioc eolais ná feasa againn ina dtaob, agus

i ráidhte go mbímid ag caitheamh ár gcuid aimsire gan mhaith i n-eugmais dul chum na n-áiteanna san do feiscint.

Bí an-cainnt tamall ó coin mar gcéall ar an gCormac ceudna seo. Bíodh daoine á rád go raibh sé ins Casbog chomh maith le beith ins Rig, acht ní creidean gach aonne é sin, acht is amhlaidh mar tá an sgeul, ni feadar aonne an raibh sé ins Casbog nó ná raibh.

Deir daoine gurab é cúis a dtugtaí Ri-Casbog Mumhan ar ná cionn gur cheisig sé an Eaglais a bí i gCaiseal agus dá ceann i Lios Mór, acht roga do beith ins Casbog nó gan beith, fear iongantach léigeanta misneamhail ba eadh é agus ba cheart ná ragadh lagadh orrainn-ne go gcuirfimís aithne níos fearr air féin agus ar Chaiseal Mumhan.

Adbar Cleachta—Seachrún Céitinn, Seán Ó Treasa, agus Piaras Mac Canna.

Tá 151,951 de daoine i dTiobrud Árann.
Tá 1,050,137 de acáir aige.
Tá £517,728 meas ar a cuid talmhan.

cúige Connacht.

Tá Cúig Contae i gConnacht, .i. Gaillimh, Muigeo, Sligeach, Liatdrom, agus Roscomáin.

An Ghaillimh.

na príomh Bailtí; na Deuntúisí agus na Mianaig.

Gaillimh, tuaim dá gualann, an Creagán, beul átha na sluag, baile loca riabach, gort inse guaire, át Cinn, dún an ócta, port omna, beul átha moga, dún mór, baile átha an ríog agus an Clochán.

Déintear eudaige olainne i gcatair na Gaillimhe, agus tá craob den loiscoil innte. Áit mór iasgaireacta isead an Gaillimh.

Déintear fíbeireacht ag gort. Tá marmar dub i gContae na Gaillimhe, marmar uaitne i gConmacnamara, agus cloch aoil ag beul átha na Sluag.

Tá eibear le fágail i nGaillimh leis.

tuaim dá gualann, .i. uaig a bfuil gualainn talmhan ar gach taob di: Do cuir larglait Naomta mainistir ar bun ann san séimead ceannair.

beul átha na sluag, .i. an beul áta a mbíod na sluaigte ag bailiugad ann.

an Creagán, .i. an carraig beag.

port omna, .i. port na daraige.

gort, .i. páirc.

beul áтa moga, .i. sean-sloinne Gaoтlaċ iseaт Moga.

an cloċán, .i. тún cruinn cloiċe. Tá stáisiún sceulaigeaċta gan srann ansan.

baile loċa riaвaċ, .i. an baile tá ag an loċ Riaвaċ.

áт Cinn, .i. an т-áт tá ag an ċeann tire sin tá ag тul amaċ i loċ Coraiв.

baile áтa an ríog.

oran mór, .i. an тobar mór.

тroiċeaт an ċláirín, .i. áit a mbeaт clár treasna aвann in ionaт тroiċiт.

uaċтar árт, .i. an áit árт uaċтaraċ.

conmaic na mara, .i. triúr mac a вí ag Meaтв, Gainrioġain Connaċт. Conmac ab ainm тo ċeann acu, agus an ċlann a вí aige sin вiотar ina gcomhnuiтe imтúċaiġ Conmac. Cuireaт "mara" leis an вrocal san ċum тeiġilt тo тeunaṁ iтir é agus áiteanna eile a raiв an ainm ċeuтna orra.

cinn tire na gaillime.

Ceann Léime, Ceann Gólam.

loċa na gaillime.

loċ coiriв, .i. loċ Orвsen an sean-ainm a вí ar an loċ san. Ainm eile вí ar Mhanannán Mhic Lir i sin. Marвuigeaт é ag Máġ Cuillin le h-ais an loċa. Uillin mac mic Nuaiт-Airgiт-Láiṁ a marвuiġ é, nuair a вí an вeirt acu ag troiт iотaoв seilвe Connaċт. Nuair a ċuireaт é вrúċт an loċ anios as a uaiġe.

loċ вéil an тá ċarra. .i. тá ċor.

Inse na Gaillimhe.

Inis Mór i gCuan na Gaillimhe, Inis Meadóin, sé sin an inis tá insan lár; Inis Tiar: tá an inis sin níos giorra do Chláir ná do Gaillimh. Oileáin Árainn tugtar orra.

Sléibte na Gaillimhe.

Sléibte Connmaic na Mara: Beanna Beola, na beanna is airde díob, 2,395 troigthe ar airde táid. Tá Mám Toirc 2,307 troigthe ar airde. Tá Sliabh Eachtga i ndeisceart na Gaillimhe.

Aibhne.

Tá an Coiribh ag tagsaid Loch Coiribh agus ag dul i bparraige i gCuan na Gaillimhe.

Cormac Mac Airt, A.D. 227-266.

Do marbuigead athair Cormaic ag cath mór a bí idir é féin agus Lúgaí Mac Con ag Mág Mucraime idir Deul Áta an Rioġ agus Gaillimh.

Ní raib teach ná áit ag máthair Cormaic (Etán) ansan agus chaith sí dul ag maireachtain go dtí cara di.

Amuigh san choill a rugad Cormac, agus ní raib cúirt na rígteaglach os a cheann mar ba dual dá sinnsir.

Lá dá raib Etán ina codlad ar billeóga na gcrann táinig mac tíre agus rug sé leis an leanb go dtí pluais mar a raib ál aige féin.

Di brón agus briseadh croide ar a máthair nuair a dúisig sí agus d'imthig sí ar fuaid na coille ag gol agus ag béicid.

D'airig tigearna a bí gairid don áit í, agus táinig sé d'iarraicht uirre. Tárla gurab é an duine é ná

Lúgna, an fear ceudna ar cur Airt cúram a leinb air fé bfuair sé bás.

Nuair a chuir sé aithne ar Crán cuig sé cum a dúin í, agus d'fógair sé luaċ saoċair an-maith do ċabairt do aoinne a gcoisdeadh aon tuairisg ar an leanb.

Bí fear ag gabáil trí na coillte lá agus connaic sé leanb istig i bpluais i bfocair na mac tíre, agus riot sé leis gurab é an leanb a bí ar iarraid bí ann. Chuaid sé go dtí Lúgna agus d'innis sé do mar a bí. Chuaid fé déin an leinb agus fuair Grec Mac Arad, an fear a connaic san pluais é, a luaċ saoċair.

Lá dá raib Cormac ag súgrad le clann Lúgna buail sé ceann acu. Táinig fearg ar an ngarsún agus dubairt sé gur buail duine é ná raib fios ag aoinne cérb é a athair ná a sinnsir.

Goill san go mór ar Chormac agus d'innis sé do Lúgna cad dubrad leis. D'innis Lúgna do ansan cérb'é é agus dubairt sé go raib sé ráidte go mbead sé ina Rig ag Teamair lá éigin.

Ni bead aon tsásamh ar Chormac ansan gan dul ceann ar aghaid go Teamair, agus ba é gárda a chuir Lúgna leis ná na mic tíre óga a bí san pluais ina focair, agus saighdiúiri cos.

Lá dá raib Cormac ag freastal ar an Rig, bí cúis á pléidhe aige mar ba sin rud a bíod le deunamh ag Rig go minic. Caora le bean dárb ainm di Beannaid a chuaid isteach i ngáirdín na Bainrioghna agus d'ith barra den mbuidhe mór.

Dubairt an Rig gur cheart an chaora thabairt don mBainrioghain in áit na dtomáiste.

Do labair Cormac agus dubairt sé nár cheart, gurab é a dóitin de dhíol an lomra a bí ar an gcaora.

Dubairt gach aoinne go raib an ceart aige agus gur mac Rioghdubairt é.

Dibrigeadh Lúgaí ina diaid san agus deineadh Rig de Chormac.

Deirtear ná raib a leithéid de Rig ag Teamair riamh ná ó choin le maitheas agus le feabas.

Ádbar Cleacta—Cromaill ag fógairt Comhac na Mara ar na daoine; an Saoluinn i nGaillimh.

Tá 181,686 de daoine i nGaillimh.
Tá 1,467,854 de acair aise.
Tá £384,666 measa ar a cuid talmhan.

Muiġeo.

na príoṁ ḃailtí; ḋeuntúisí agus manaiġ.

caisleán an ḃarraiġ, beul áṫa an ḟeaḋa, caṫair na mart, baile an róḋa, beul áṫa na muice, clár cloinne muiris, balla, beul an ṁuirṫiḋ, cill alaiḋ.

Tá eiḋear i gCo. Muiġeo agus cloċ aoil le h-ais loċa Coiribe.

Déintear eudaiġe olainne aġ beul Easa agus tá an-ċáil orra.

muiġeo, .i. máġ agus eo, sin crann eo. Muiġeo na Sacsan a tugtaoí ar an áit sin ón uair ṫáinig Naoṁ Colmán go ḋtí an áit 'san seaċtmaḋ aois. Ḋéin sé mainistir ann an uair sin, agus bíoḋ manaiġ ó Śasana ann agus as ar ḟeaḋ i bfaḋ ina ḋiaiḋ san. Máġ eo a bí ar an áit ar deineaḋ an mainistir agus tugaḋ an ainm ar an gCondae ina ḋiaiḋ san.

caisleán an ḃarraiġ. Ceann éigin ḋes na Barraiġ a ḋein an caisleán seo.

caṫair na mart, .i. mairt, nó ḟeoil bó.

clár cloinne muiris, .i. talaṁ réiḋ a bí aġ clann Muiris.

ros seirce, .i. coill na maiġdine Seirce. Aġ beul na Muaiḋ tá an áit sin.

baile an róḋa, .i. baile na h-abainne sin Róḃ.

baile uí ḟiaċáin, .i. sloinne iseaḋ Fiaċán.

béal áṫa an ḟeaḋa, .i. beul áṫa agus ḟeaḋa, sin coill.

balla, .i. baile Tá sean-ċluigeaċ ann.

beul Áτα na muice.

beul eASA, .i. eas, sin tuitim uisge.

cill Alaiḋ, .i. Alaiḋ ainm naoṁ: Tá cluiġ-ċeaċ ann.

baile an ċaisil, .i. caiseal, .i. dún cloċ.

béal an ṁuiRċiḋ, .i. beul an ċinn tíre.

slébte ṁuiġeo.

Slébte Muiriġ tá idir an Ċaol Sáile agus Cuan Mod. An Maol Riabaċ an beann is aoirde díob. 2,688 troiġte ar aoirde tá sé. Tá Cruaċ Pádraig 2,510 troiġte ar aoirde.

Tá Sliab Neifinn taob ċuaid de Cuan Mod. Neifinn Mór an beann is aoirde díob, 2,646 troiġte ar aoirde tá sé; agus tá Neifinn Beag 2,065 troiġte ar aoirde.

loċa ṁuiġeo.

loċ con, .i. Cú.

loċ fiaċ, .i. fiaċ dub.

loċ ċaisleáin an Barraiġ.

loċ Dalla, .i. loċ dá ealla. Gairid don loċ san a casad Naoṁ Pádraig le Aonġus (taoiseaċ). Droċ duine ba ead Aonġus agus ċuir Naoṁ Pádraig mallaċt air.

loċ measca.

aiḋne ṁuiġeo.

An Muaid a riotan trí ċuid de Condae Muiġeo, agus teidean i bparraiġe ag Cuan Cille Alaiḋ.

cinn tíre muigeo.

Ceann Acla, Ceann Eanaige, Ceann Iorrus, Beann Boirde, Dún Fáraig.

cuanta muigeo.

Cuan mod, Cuan an Fóid Duib.

Cuan an inbir, .i. gearrad a deunfad an taoide isteach san talamh.

insí muigeo.

Acaill Cliara, Inis Tuirc, Inis Airc.

Meadb agus Ailill.

Uair dá raib Meadb agus Ailill ag cainnt ag á ríg teaglach i gCruachán Connacht tárla an cainnt seo acu:—

"Is fíor í an t-sean-chainnt gur sámh i bean an fir saidbir," arsa Ailill.

"Is fíor san, acht 'dé cúis duit an chainnt do ráid?" arsa Meadb.

"Mar go bfuilir níos fearr as inniu ná an ceud lá do connaic mé tú," arsa Ailill.

"Bíos comh maith as fé bfeacs mé riamh tú," arsa Meadb.

"Má bís," arsa Ailill, "níor airig aoinne tráct ar an saidbreas do bí agat."

Do leanadar orra ag cainnt mar sin ar fead i bfad agus ba é deiread do bí ar an sceul ná gur chuadar sa comhaireamh feuchaint cia acu ba mó saidbris stuic agus ola-maiteas an tsaogail seo.

Tugad cúca a gcuid crúiscíní, a gcoiri móra, a bpáinní, a bpráisleada, a gcuid clócaí eadaig a raib airgead ar sile leo; tugad cúca a gcuid capall. Bí capall as meon ag Ailill, acht fuairead ceann comh maith leis ag Meadb.

Sa Comhaireamh Dóib Connacadar go raib tarb áluinn ag Ailil agus ná raib tarb mar é imeasg an méid stuic a bí ag Meadb. Da é ainm a bí ar an tarb san ná Finnbeannach.

Glaoid Meadb Cúice Mac Róig an teachtaire, agus d'órduig dó tarb mar bí ag Ailil do solácar pé áit a bruigead sé é.

"Tá fios agam-sa cá bfuil tarb Com maic leis, nó b'féidir nios fearr," arsa Mac Róig. "Tá sé imeasg ceud Cuailne i dtig Daire Mic Fiacna."

"Teirig cuige mar sin," arsa Meadb, "agus abair leis tamall den tarb donn san a tabairt dam-sa go cionn bliadna."

D'imtig Mac Róig agus roinnt eile ina focair agus do cuiread na tuara páilte rompa nuair ránigadar tig Daire. Ní raib aon doicheall ar Daire an tarb tabairt dóib. Tug sé biad agus deoc dóib, agus nuair a biodar ag ite dubradar gur maic an rud nár eirig Daire an tarb orra mar go dtabarfadís leó den a aimdeoin é.

Le linn na cainnte sin cé tiocfad isteach ná an t-árd freastalaí a bí ag Daire, agus nuair d'airig sé an baoc-cainnt a bí ar siubal níor stad ná níor comhnuig sé go ránigaig sé an áit a raib Daire agus d'innis sé an sceul do. Tug Daire an leabar ná tabarfad sé an tarb uaid ansan ná coidche. Cait na teachtairí casad ar Connacht mar a tángadar. Dailig Meadb slóigte Connacht go léir agus do ollamhuigdear iad féin cum cogaid do cur ar mhuintir Ulad agus an tarb do breit leo ar ais nó ar éigin.

Aobar Cleachta—Iasgaireacht i Muig Eo. Micheál Dáibhí. Micheál Breathnach.

Tá 191,969 de daoine i Muig Eo.
Tá 1 333,340 de acair aige.
Tá £262,128 measa ar a cuid talmhan.

Sligeach.

na príomh Dáiltí agus na Deuntúisí.

Sligeach, baile an mhóta, tobar an choire, cúil mhaoile, iascach.

Déinteas léintreacha, bónaí agus grúdaireacht as Sligeach. Déinteas Gallúnach ann leis.

sligea.

Sligeach nó Sligea mar adeirtear. Ar an abainn bí an ainm sin ar dtúis. Tugadh an ainm ar an mbaile mór ina diaidh sin. Sliġ, sin sligeán agus "ach" sin lán de sligeáin. Tá cloigteach as Druim Cliabh, beagán milte ó Sligea.

cúil mhaoile, .i.

iascach, .i. iasg, nó lán de iasg. Ar an abainn bí an ainm sin ar dtúis.

baile an mhóta, .i. móta árd cruinn talmhan.

tobar an choire, .i. tobar, agus coire: sin corcán mór. I dtaob cosamlacht na h-áite le coire sead tugadh an ainm sin air.

sléibte Sligeach.

cnoc na luinge. 'Sí an t-sean ainm a bí ar an sliabh san ná Sliabh Gamh, .i. fiadhantas. Síleadh gur Sliabh Damh a bí ann agus sin é is cionntach leis an ainm beurla tá ar an áit sin.

sléibte Sligeach. Tros Mór an beann is airde díob 2,113 troiġte ar airde.

AIBHE SLIOGACH.

AN MHUAIDH, .i. MÁG. Eiriġean an abainn sin i Sliabh Gam agus teitheann sí i bparraige i gCuan Chille Alaidh.

AN T-IASCACH, .i. abainn a bheadh lán d'iasg: tá baile den ainm ceudna ag a beul.

AN ARDA. Eiriġean sí i Loch Arbach agus teitheann sí i bparraige ag Cuan Sliogach.

LOCHA SLIOGACH.

LOCH NA GILE, .i. Loch Ġeal, tá taosgadh ag an nGearr Óig.

LOCH ARBACH, .i. loch a mbeadh talamh maith chum arbhair do thabairt ina timcheall.

LOCH UÍ GADRA, .i. Gadra, .i. sloinne duine.

CINN TÍRE SLIOGACH.

Ceann Rosa Caorach, .i. ros, sin ceann tíre agus caoire, an chuid eile den ainm.

Tá Innis Muireadhaiġ leath is amuiġ de Sliogach. Is é Muireadhaiġ an ceud easbog a bí ar Chill Alaidh. San seachtmadh ceannair (nó aois) a bí sé ann agus tugadh an ainm sin ar an oileán san dá theasgadh.

Níl acht aon chuan mór amháin ann, sé sin Cuan Sliogach. Tá a lán cuanta beaga ann.

"Rása Chaisleáin a' Bharraiġ."

Nuair a chuir muintir na h-Éireann cogadh ar bun i gcoinne na Sasanach san mbliadhan 1798 bí Wolfe Tone san bpraimhne an uair sin ag briseadh a chroidhe á iarraidh ar mhuintir na Fraimhce cabair agus congnamh do chur go dti Éire gan mhoill.

Tar éis iomad cráid agus ríghis agus pléide do eirigh leis, agus isé rud a ceapadh san bprainnc ná beagán fear cur go h-Éirinn cum na trodha do coimeád ar bun go bfuigeadh muinntir na prainnce congnamh ní b'fearr do cur anall.

Socruigeadh ansan ar Humbert do cur go la Rochelle, é féin agus míle fear, agus Hardy do cur go dtí Brest, agus iad a fuireach ann go bfuigdís ordughadh ar imteacht go h-Éirinn. Bí trí míle fear ag Hardy. Bí an sgeul ag dul cun cinn maith go leor annsan, acht fear gan aon foidne ba eadh Humbert, agus ní raibh aon t-sásamh air gan beith sar. acrann i gcomhnuide.

D'fág Humbert la Rochelle gan aon ordughadh, agus buail sé port i gCuan Cille Alaid ar an 22ad lá de Lughnasa san mbliadain 1798.

Fuair sé congnamh ó muinntir Connacht agus buaid sé féin agus a cuid fear ar na Sasanaigh ag Caisleán an Barraigh, acht buadh air tamall ina diaidh san ag Beul Átha na Muice (an 8ad lá de Meadon Fogmhair, 1798). Bí Maicias Tóne agus Pártalán Tilinc ina focair, acht ní raibh cruas ná taise dóib. Crocad i mBaile Átha Cliath iad tamall ina diaidh san agus deineadh príosúnaigh de Humbert agus den a muintir. Bí an mí-ádh ar Éirinn i gcomhnuide an aimsir sin, mar aon dream riamh táinig cum congnamh tabairt dóib ní raibh rath ná seun orra.

Liatdroim.

na príomh Dailtí.

Cara Droma Rúisc, maotal manacáin, drom sean-bot, beul an áta móir, druim caotraimn, an cluaimín, agus carraig áluinn.

Liatdruim.

Liatdruim, .i. drom liat.

Cara Droma Rúisc, .i. cor, drom agus rúisc, sin móinteán.

maotail manacáin, .i. sin talam bog briosc agus naoi ba ead manacán a cuir mainistir ar bun ansan san seacthmad aois.

carraig áluinn.

beul an áta móir, .i. át agus é mór.

drom sean bot, .i. sean botán. Tá cosamlact ag an cnoc tá ann le drom bó agus sin é fát na h-ainime as beurla.

druim caotrainn .i. drom agur crainn caotpainn.

an cluaimín, .i. áit a mbead an-poitin agus an-posgad ann. Mainpeur.

sléibte liatdrom.

Sliab Leaca.

aidne.

An Buanad. Tá sí ag riot isteac i loc Gile.

loca.

Tá loc bó finn agus loc bó Dearg idir liatdrom agus Ros Comáin. Tá loc Meilge idir liatdrom agus fearmanac. Rig bí ar Éirinn fuair bás san mbliadain 605 R.C. ba ead Meilge.

móin agus móinteáin.

Fliucaras agus boigeacht na h-aimsire in Éirinn is cionntac leis an méid móinteán tá innte. Tá cuid de na móinteáin naoi dtroigte deug ar doimneacht, agus nios mó; a tuille acu i bfad nios lúga. Tá timceall 4,600 de mílte cearnógaca fé móinteáin.

Isé rud is cionntac leis na móinteáin ná neart bailiúgad fáis. Dréir mar d'fásan an fás bíon an cuid ioctarac de ag meadad agus ag feodac. Brúgan sé go léir ar a céile ansan agus déinean móin de i gcaiteam a h-aimsire.

Dá mbead móin tirim ina ceart is mó teais a bead aiste ná as gual. Bí slige diormuigte acu i gCill Dara tamall ó coin a bí go h-an mait.

Is amlad bí cóir acu cum na móna d'fásgad cum an t-uisge a baint aiste; ansan déinci gaise teinntrige, nó electric do cur críce cum í diormugad nios fearr. Déinci i brisead agus i fuinnead ansan go mbiod sí an-bog; déinti toirt brice bí cur le céile ansan agus í diormugad aris.

Tá 63,557 daoine i liatdrom.
Tá 376,510 de acair aige.
Tá £11,520 measa ar a cuid talman.

Ros Comáin.

Na prióm Baile agus na Deuntúisí.

ROS COMÁIN, AN CAISLEÁN RIABACH, BEUL ÁTA NA MBUILLÍ, DÚN GAR, AILFIONN, LOCH GLINNE.

Déinteap bpata úplóip ag Loch Glinne.

ROS COMÁIN.

AILFIONN. Cuig opaoi uaral Bápb ainm do Óna ionad cille do Naoim Pádpaig, agus ba é áit ap Deineadh an Cill ná ag áit a paib carraig Cloiche agus tobap, .i. Cloch an tobair Gil.

AN CAISLEÁN RIABACH, .i. Dat riabach ap an gCaisleán.

BEALACH AN DOIRÍN, .i. slige, bóthar, nó casán, agus doirín; sin coill beag Daraige.

DÚN GAR, .i. gap: sin main rígin i bportach?

ROS COMÁIN, .i. Naoim Comán a Cuip mainistip ap bun ansan, agus fuair sé bás timcheall na bliadna 747.

FEADA, .i. ceanntair i Ros Comáin, .i. coillte. Níl an áit sin i bpad ó Át Luain.

MAINISTIR NA BUAILLE, .i. buaille, áit a mbeadh bá dá mbleág.

NA DAOINE.

Is iongantach an meat táinig ap muintir na h-Éireann ón mbliadain 1841. Is mó cúis le himeacht na ndaoine ach is uireasba oibre a Cuir a lán acu cum siubail.

San mbliadain 1821 nuair a Deineadh an Ceud Comhaream ap na Daoine, bí gairid do seacht milliún

in Éirinn. Níor deineadh aon comhaireamh ceart ar na daoine roimhe sin acht bhuiris a tabhairt fé ndeara gur ag dul i dtreise a bíodar, díreach dála gach aon tíreach eile i Roinn na h-Eorpa.

I 1672 cuireadh cáis, deapadh ná raibh níos mó ná milliún agus ceathramhadh san tír, agus i 1725 deapadh go raibh dá mhilliún go leith innte agus mar sin, acht an comhaireamh a deineadh in 1841 bí os cionn ocht milliún san tír. Ó coin a méad an comhaireamh ar fad, agus indiu níl innte acht timceall ceithre mhilliún go leith.

Abhar Cleachta—Talamh Ros Comáin, a sairdhíreacht, rl.

Tá 93,904 de daoine i Ros Comáin.
Tá 608,290 de acáir aige.
Tá £206,202 measa ar a chuid talmhan.

Seo an uimhir daoine a bí i gcuid de na bailtibh móra ag an áireamh a deineadh insan mbliadain 1926.

baile na muma.

Portláirge (26,646); Dúngarbán (5,202); Corcaé (78,468); Mainistir Fearmuige (4,505); Coéaill (5,340); Ceann t-Sáile (2,881); Sligirin (2,620); Deanncraige (2,681); Más Cromta (2,413); Trálg Lí (10,536); Cill Áirne (5,325); Lios Tuathail (2,918); Inis (5,517); Cill Ruis (3,346); Luimneach (39,690); Tiobraid Árann (5,524); Cluain Meala (8,989); Carraig na Siúire (4,678); Dúrlas (4,796); Aonach Urmhumán (4,517); Teampall Mór (2,230); Caiseal (2,945); Roscré (2,694).

connacht.

Gaillimh (14,223); Beul Átha na Sluag (5,243); Tuaim dá Gualann (3,288); Baile Locha Riabach (2,799); Beul Átha an Fheadha (4,872); Cathair na Mairt (3,490); Sligeach (11,439); Caisleán an Barraig (4,256).

Ní mórán bailtí móra tá i gConnacht siar ar aon cor, agus ní maoidhe do bailtí aon áit é acht an oiread. Uireasbha oibre agus dílse cumann calcaighe na Sasanach ba chionntach leis sin.

cúige laigean

Tá dá condae deug i gCúige Laigean .i. Baile Átha Cliath, Cill-Mantáin, Loch gCarman, Cill-Dara, Ceatharloch, Cill-Chainnig, Ua bFáilge, Laoighis, Míde, Iar-Mídhe, Lughbaidh, agus Longphort.

Príomh Bailtí Baile Átha Cliath agus a nDeuntúisí.

baile átha cliath, dún laoghaire, carraig dubh, deilg-inis, beann éadair, sord choluim cille, sceiri, baile brecáin.

Déintear poiplín, leathar, eudach, bróga, gloine dathuighte, grúdaireacht, loingeas, rotair, teuda, breughán, gallúnach, leasughadh, agus ard, ag Baile Átha Cliath.

baile átha cliath .i. An baile atá deunta ag an Áth Cliath, nó bathaí : Dubh-linn ab ainm don áit sin den lipe a bfuil an cathair anois ann.

dún laoghaire .i. Deirtear gur mar gheall ar Laoghaire Rígh, a bí ann le linn Naoimh Pádraig, a thugadh an ainm ar an áit sin.

carraig dubh.

deilg-inis .i. Oilean na nDealg: Deirtear gurab é Seághda, ceann de thaoiseachaibh Miléiseas a dhein an céad dún ansan.

beann éadair .i. Sin árd tíre nó sléibhe. Deirtear gur mar gheall ar Éadair, taoiseach de mhuintir Thuatha De Danann an ainm sin: deir a thuille gurab i Éadair, bean Ghainn, ceann de na Fir-Bolg, a raibh an ainm sin uirre.

Sórd Colaim Cille .i. Tobar glan: beannuig Colm-Cille an tobar san agus tugad a lán turas ann tamall.

Sceirí .i. Carraigeacha geura.

Baile Breacáin .i. Sloinne is ead Breacáin.

Sléibte Baile Átha Cliat.

Tá sléibte an-deas i mBaile Átha Cliat, agus is áluinn a feucan an dúthaig mór timcheall uatha.

Aibne Baile Átha Cliat.

An Life a eirighean i Sliab Cualann i gCill Mantáin agus a theitheann i bparraige i gCuan Baile Átha Cliat: 72 de miltib ar fad tá sí.

An Tulca agus an Dothair dá abainn eile tá ann.

Tá dá oileán leat is amuigh de Baile Átha Cliat .i. Racra Breagh agus Innis Faithleann. Sloinne nó ainm is ead Faithleann. Ba í an ceud ainm do bí ar an oileán san ná Innis Éireann.

Canálacha.

Tá an canáile mór ó Baile Átha Cliat go Beul Átha na Sluagh, agus labhar uaithe ag dul isteach san mBearba ag Áth-Lí.

Tá canáile eile ó Baile Átha Cliat go Mullean Ceárr.

Cloigthighthe agus Scoileanna.

Tá cloigtheach ag Sórd Colaim Cille agus bí seanscoil ag Glasnaoidheann. Mórí do cuir ar bun í.

Tá 476,909 de daoine i mBaile Átha Cliat.

Tá 226,784 de acair aige.

Tá £246,637 measa ar a cuid talmhan.

Lorcán Ó Tuathail.

Ceann den dream a cait géilleadh do "Diarmuid na nGall" ba ead acair Lorcáin Uí Thuathail, Tighearna

Ui Muiriġte. Ar ġrád na síoċċána ba éigin do an mac ba óige do cabairt in a ġiall do, agus ba é sin an lá bronać nuair do bí Lorcán Óg ag scarmaint len a muintir go léir.

Gairid do fearna cugać é agus ba aingcis dona an saoġal do bí ansan aige, gan biaġ gan eudać, ać an méid a coimeádfaḋ an t-anam ar éigin ann. Ní raiḃ sé ać deiċ mbliaḋna de aois an uair sin, agus ċaiċ sé gać obair dá isleaċt do ḋeunaṁ ar nós aon ḋaoi.

Fuair a aċair caoi a scaoilte lá, nuair fuair sé greim ar dáreug saiġdiúiri le Diarmuid. Do ċuir sé sceula ċum Diarmuid' ansan go gcuirfeaḋ sé ċum báis an dáreug muna scaoilfaí le Lorcán Óg.

Ag Gleann Dá Loċ a bíoḋ ċum an mhalairtiú do ḋeunaṁ, agus nuair do connac Lorcán an áit ní beaḋ aon t-sásaṁ air gan fuireać ann. D'fan, agus bí a ċáil agus a ċlú ar fuaid na h-Eireann i gceann beagán bliaḋanta. Toġaḋ é mar Abb ar an mainistir ag Gleann Dá Loċ, agus tamall ina ḋiaiḋ san deineaḋ árd easboġ Baile áta Cliaṫ de.

Nuair do airiġ sé tráċt ar ċeaċt na Normánaċ go Portláirge agus go Loċ gCarmainn, bí fios aige ná raġaḋ le Baile áta Cliaṫ i bfad, agus níor ċuiḋ. Dubairt Lorcán go mbfearr síoċċáin do ḋeunaṁ leo, agus díreać agus é ag iarraḋ é ḋeunaṁ bris cuid acu isteać san ċaċair agus ḋosnuiġdear ag marbuġaḋ na ndaoine. Siubal an t-árd easboġ trío na sráideanna agus cros ar iomċur aige, feuċaint an staḟaḋ an marbuġaḋ agus an t-éirleać. Bí Ruaiḋrí Ó Conċúbair in a Rí ar uair sin, agus dá mbeaḋ aon sprioc ann buaḋfaḋ sé ar na Normánaiġ, ać ní raiḃ, agus nuair do ċonnaic Lorcán an ruaig dá ċur ar a muintir táinig droċ-mhisneać air.

Fuair sé bás san mbliaḋain 1180 ag baile beag Normánaċ a dtugtar Ou air, mar a raiḃ sé ag lorg

aṫċuinge ar an Dara Mannraí ar son Ruaiḋrí Uí Conċúbair.

Aṫḃar cleaċta—Eiriġe Amaċ na Cásga, 1916. Cat Cluana Tarḃ.

Cill-Mantáin.

na príoṁ ḃailtí.

Cill - mantáin, an t-inḃear mór, mainistir an ḃealaiġ, ráṫ troma, brí Cualann.

Tá mianaiġ luaiḋ, óir, sinnc, uaṁa agus airgiḋ i gCill-Mantáin.

Cill-mantáin .i. Naoṁ a raiḃ an ainm sin air, agus nuair ḃo bí Naoṁ Pádraiġ ag teaċt i dtír, crom na ḃaoine ag caiṫeaṁ cloċ leis. Cuaiḋ Mantán idir é agus na cloċa agus bainead mannt as le cloiċ Sin é Cúis Mantán.

inḃear mór. .i. Uaṫais nó iṫeaḋ ḃeaḋ ḋeunta ag an taoiḋe isteaċ san talaṁ.

mainistir an ḃealaiġ .i. ḃealaċ, sin sliġe, nó ḃóṫar.

ráṫ troma .i. Ráṫ agus trom talmán.

brí Cualann .i. Cnoc nó talaṁ árḋ, cé go nḋeir an ḋoiṁin seanċus gurab é "Breá," ceann ḋe muintir Partaláin a raiḃ an ainm sin air, agus gur mar ġeall air ṫugaḋ an ainm ar an áit sin.

sléiḃte Cille-mantáin.

Sliaḃ Cualann: Loġ na Coille an ḃeann is aoirḋe ḋe; 3,039 troiġe ar aoirḋe tá sé.

Tá Cip luḃair idir Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus Cill-Mantáin; 2,473 troiġe ar aoirḋe tá sé.

aidne.

Eirigean an Aba Mór i Sliab Cualann agus teitean sí i bparraige ag Inbear Mór; eirigean an Sláinge i log na Coille agus teitean sí i bparraige ag loc gCarman. Is ion-seólta go h-Inis Córtáid í. Tá sí 70 de mílte ar faid.

Eirigean an Life i Sliab Cualann leis.

loca.

An dá loc tá i nGleann Dá Loc.

cinn tíre.

Ceann Drí, Ceann Meadoin, Árd an Aodaire.

cuanta.

Áit mór iasgaireachta is eadh Inbear Mór. Dion a lán dáo san cuan ann i gcoimnuide.

cloichtighe agus scoileanna.

Tá cloigtheach ag Gleann Dá Loc, agus bí scoil ann fadó: Caomhín do cuir ar bun í.

Tá 60,603 de daoine i gCill-Mantáin;
Tá 499,958 de acair aige;
Tá £192,295 measa ar a cuid talman.

Micheul Ó Duibir.

Ba é gabáil Micíl Uí Dubhir deiread eirige amach 1798. Ní raib aon deiread leis an méid trioblóide agus crád fuair na Sasanaigh ag iarraid breit air, act teip orra i gcoimnuide, agus is le blatar a meallad san deiread é.

Nuair do bíod sé uatha ní raib aon fágail ar teacht air, act cíodis ró-minic é nuair ná bíod sé uatha.

Oidhce dá raib sé ina codlad i dtig beag in Ui Mál, táinig na saigdiúiri ar a cóir agus d'fágair an captaein do beit amuig in ainm an Rig, mar nár theastuig uait fuil do dortad gan gád. Dubairt Micheul Ó Duibir

an fear boċt agus a muintir a raiḃ sé ar aoiġeaċt acu a scaoileaḋ amaċ, mar gur ṫáinig sé féin gan ċuireaḋ gan iarraḋ.

Scaoileaḋ amaċ iad, agus ḋúḃairt Duiḃir ná striocfaḋ sé anois ná coiṫċe, aċt go bfuiġeaḋ sé bás ar son na h-Éireann.

Ṫosnuiġ an bualaḋ ansan; cuireaḋ an tig trí ṫeine, agus bí an bás ag bruġaḋ le Duiḃir agus leis an gceaṫrar laoċ do bí ina ṫoċair.

'San troiḋ ḋóiḃ goineaḋ Mac Ailistear, agus bí sé sinte ansúd ag taḃairt a ċuid fola. Ḋuḃairt sé leo é ċur ina seasaṁ le taca éigin, guna a ċur ina láiṁ, an doras do oscailt agus nuair do ċaiṫfeaḋ na saiġdiúirí leis, an triúr eile do ċur dioḃ fé mbeaḋ sé de uain acu na gunaí a lionaḋ aris. Ḋeineadar amlaiḋ. Cuireaḋ caoga pileur i gcorp Mic Ailistear agus ḃa sin deireaḋ len a ré.

Ḃog an triúr eile leo, aċt nior ċuaiḋ saor aċt Micheul Ó Duiḃir féin. Ni raiḃ aon fáġail ar ḃreiṫ air aon uair amáin a fuair sé é féin leaṫ-is-amuiġ.

Nuair do ḃíon an ġaoṫ ag séideaḋ, agus an geimreaḋ go fuar, fiaḋain, bíon muintir Cille-Mantáin ag cur síos ṫá ċéile cois na teine, ar gníomha Micil Ui Duiḃir, agus ar a ċuid óglaċ a buaiḋ agus a cráiḋ méiṫ-poc na ngall. Deiḋ cuimne go bráṫ orra ag ġaé fíor-ġaoḋal ḋíbh, groiḋe.

Aḋḃar cleaċta—Maoṁ Caoimin agus Gleann-dá-loċ. Mhanaig agus ailneaċt Cille-Mantáin; Fiaċ Mac Aoḋa Ó Broin.

Loċ gCarman.

na Fríoṁ-Ḃailtí.

Loċ gCarman, Ros Mic Treóin, Inis Córtaiḋ, Guaire, Fearna.

Ṫéintear roṫair agus gaċ cóir fe rugaḋ reaċta i Loċ gCarman; ṫéintear lása ag Ros Mic Treóin.

ROS MIC TREOIN .i. Coill Mic Treoin.

GUAIRE .i. Áit mór capall. Bí naoṁ d'en ainm sin ann.

FEARNA .i. Áit a mbeaḋ a lán crann fearna ann.

Sléibte Loċa gCarmain.

Suiḋe Laiġean 2,610 troiġṫe ar aoirḋe, agus an Sraiġre Dub 2,409 troiġṫe ar aoirḋe: tá siaḋ idir Loċ gCarmain agus Ceaṫarloċ.

Aibne.

An Slainge agus an Banna. Eiriġid i gCill-Mantáin.

Cinn tíre.

Rinn an Ḋubain, Rinn an Ċairn, Rinn na Binne, Rinn na Caṫaoire.

Rinn Ḋuban ba ċeart beiṫ ansan roṁainn, mar ba é Naoṁ Ḋuban naoṁ an paróiste sin, acṫ toiġ an ċinn tíre beiṫ faḋa cam ceapaḋ gur ḋuḃan iasgaireaċta bí i gceist.

Cuanta.

Cuan Loċa gCarmain.

Oileáin.

Tá Oileán an t-Sáile ar an taoiḃ ṫeas de Loċ gCarmain.

Tá 102,287 de ḋaoine i Loċ gCarmain;
Tá 578,270 de aċair ann;
Tá £299,492 measa ar ṫalaṁ an Ċonḋae.

Loċ gCarmain i 1798.

Cé nă raiḃ an-ċuid de muintir Loċa gCarmain i gCumann "bfear n-Aontuiġte na nÉireann"

níl aon cur síos ar an íosbairc do déanadh ann le linn na h-uaime sin.

Díodh an spéir déarg ann le neart cóiteán agus loisg; díodh an marbhadh, an slad, agus an creach go snáthaid ó thrát go céile, agus na séipéil á leagaint, á ndóigh agus á losgadh.

Ní raibh riabh le déanamh ag muintir na h-áite sin act iad féin do Chosaint, agus bá mait a déineadar é, mar ná fuil sé scríobhta gur thug aon dream ar talamh an domain triail uatha i gcoinne saighdiúirí mar thug muintir Loca gCarmain. Choinneádadar leat airm Sasana ar siubal ina gcoinne.

Níl aon amhras ar aon chor ná dá mbeadh an obair céudna ar siubal in leat na h-Éireann agus do bí i Loch gCarmain, agus i gCill-Mantáin an uair sin, ná go mbeadh an Sasanach go fíor lag, tréith, act ní mar sin do bí. Ní raibh an úim le seanóireadh go dtiocfadh lá eile.

Aonar cleasca—Diarmuid na nGall, Domhnall Donn ó Broin, Cat Chnoc na gCaor.

Cill-Dara.

na príomh Bailtí.

CILL-DARA, NÁS NA RÍOG, ÁT-HÍ, AN DROICHEAD NUA, CILL-DROICHID, MAINISTIR EIMEAN.

Déintear brí i ag Át-hí agus ceannuigtear a lán eorna ann gach aon bliadain.

Déintear páipeur ag Cill-Droichid.

CILL-DARA .i. An Chill a raibh an darr ag fás leis a h-ais.

NÁS NA RÍOG .i. Áit nó árd na Ríog. Bá é lúgaidhe Láim Fada a chuir an áit sin ar bun agus bíodh rígche ina gcomhnuidhe ann go dtí an deichmadh ceannuir.

Áth-Rí .i. Taoiseach dárb ainm do Áe a marbuigeadh ansan. Is amlaid bí troid ag muintir Cúige Múman agus ag Lugaidhe Laoigeasach: Muimneach ba eadh Áe.

Cill-Droichid .i. Cill an droichid.

Mainistir Cinéan .i. Naoṁ Cinéan a cuir an mainistir ar bun ansan: Muimneach ba eadh é; agus tá sé ráidhte gur scríobh sé beaga Naoṁ Pádraig. Ros Glas ab ainm don áit sin roiṁe.

Mág Nuadhat .i. Áit réidh, agus Rígh ba eadh Nuadhat.

Sléibhte.

Condae réidh gan aon sliabh árd iseadh é.

Aibhne.

Gabann an Bearba trí cuid de Cill-Dara. Tá cloigeach ag Cill-Droichid, Cill Cuillinn agus Cill-Dara. Bí sgoil ag Cill-Dara fadó. Brígid do cuir ar bun í.

Tá 66,498 de daoine i gCill-Dara;
Tá 418,497 de acair ann;
Tá £251,443 measa ar talaṁ an Condae.

Naoṁ Brígid.

Rugadh Naoṁ Brígid timcheall na bliadhna 436 ag Faiche Airt i Lúgbaidh. Dubhach ba ainm don a h-athair agus Brotsach don a máthair. Deirtear gur draoi bí mar múinteoir ag Brígid, acht pé sceul é bí a h-ainm anáirde le feabas a léiginn. Nuair do bí sí timcheall dá bliadain deug de aois bí cúram tíghe an bainne agus na cistineach uirre. Bíodh a lán daoine ag teacht ar cuairt go tígh a h-athar agus bíodh sí ghnóthach i gcoṁnuidhe. Gairid do Nás na Rígh do bí a muintir ina gcoṁnuidhe an uair sin. Ní raibh aon deireadh le Brígid, ten a feabas dos na bochtaibh;

nIOR MAIT LÉI MADRA DO ĊUR ÓN DORAS GAN RUD ÉIGIN DO TABAIRT LE H-ITE DO. NÍ RAIB AON T-SUIM AICE SAN SAOGAL SEO, CÉ GO MBIOD SI AG DUL IMEASG RIGTE AGUS DAOINE MÓRA.

LÁ DÁ RAIB SI AG ĊÚIRT RÍG DÚNLAINGE I BROĊAIR A H-ATAR TUG SI A ĊLAOIDEAM MAR DÉIRC DO DUINE BOCT LAG. NUAIR DO BRAIT AN T-ATAIR UAID AN ĊLAOIDEAM BÍ SÉ AR BUILE DEARG, MAR BRONNTANAS ÓN RÍG BA EAD Í. DÁBAIRT BRIGID GUR TUG SÍ AN ĊLAIDEAM DO DIA AGUS GO DTABARFAD SI A H-ATAIR AGUS AN RÍG DO DIA LEIS, DÁ N-IARRFAD SÉ UIRRE IAD. ÓN UAIR SIN AMAĊ BÍ A ĊÁIL AG MEUDUGAD, AGUS ĊUAID SI AR CURASANA AR FUAID NA H-ÉIREANN NUAIR DO DEINEAD BEAN RIAGALTA DÍ, ACT B'FADA LE MUINTIR ĊÚIGE LAIGEAN DO BIOD SI UATA, AGUS ĊUIREADAR TOSCAIREACT AG TRIALL UIRRE GO CONNACT, Á IARRAD UIRRE CASAD ABAILE.

DO ĊAS, AGUS TÓG SI CILL AGUS CLOĊAR I GCILL-DARA, AR MÁG MÓR-LEATAN AN ĊURRAIG. BÍ AN ÁIT AG MEUDUGAD Ó LÁ GO LÁ AGUS TARRAINGT NA DÚITĊE ANN IDIR ÍSEAL AGUS UASAL. TAGAD LOBAIR AGUS LUCT BREOTACTA Ó GAC AON ÁIT ĊÚIĊE ĊUM IAD DO LEIGEAS. FUAIR SÍ BÁS SAN MBLIADAIN 523 AR AN CEUD LÁ DE MÍ FÉIL BRIGDE I MBLIADAIN A H-OCTÓ SEACT DE AOIS. TÁ A LÁN SCEULTA DEASA ANN INA TAOB AGUS BA BREAG IAD DO LÉIGEAM AGUS A FOGLUIM, IONNUS GO BFAGFAÍ EOLAS AR CILL-DARA AGUS AR BRÍGID NUAIR DO BIODAR FÉ LÁN-RÉIM AGUS ÉIRE GO LÉIR AG TRÁCT AGUS AG TARRAINGT AIR MUIRE NA NGAODAL.

ADBAR CLEACTA—CNOC ALMAIN AGUS NA FIANNA; DÍSEART DIARMUDA.

Ceatarloc.

na Priomh Baili.

Ceatarloc, Tulach na Breidlim, muine Beag, Burgéis.

Déintear Bróga, Siúcire, agus Leasa as Ceatarloc.

Ceatarloc .i. Baile na gceithre loc: níl a dtuairisg anois ann.

Tulach .i. Cnoc atá i ndúthaig Ui Bfeidlim: mac do Cinnseulach Rig Laigean ba eadh an Feidlim seo.

Burgéis .i. Na Normánaig a tug cuigainn an focal seo. Baile beag burgéise ba ciall leis.

Dun-Clódaig .i. Dun na h-aban san cladach .i. latach no salachar in abainn.

Aibne.

Gabann an Bearba agus an Slainge trí Ceatarloc.

Tá 36,151 de daoine i gCeatarloc;
Tá 221,424 de acair ann;
Tá £151,350 measa ar talamh an Chondae.

An t-Ór agus an t-Airgead.

Cé ná baintear aon ór i nGirinn anois ní mar sin do bíodh an sgeul fadó, mar bí sé an-forsaing ar fad. Déintaí an-cuid corn, agus an-cuid órnáidí de ór, agus tá a lán daoine tar éis teacht ar cuid acu fé talamh ó am go h-am. Is mó go mór atáthar

tar éis a fágáil díob i nÉirinn ná i Sasna, agus cuirfead san imúil dúinn go mbíod ór á oibriugad in go leór áiteana i ndnÉirinn. Deirtear gur oibrig rí a bí i nÉirinn ór trí míle bliadain ó foin. Díod an-cuid de i gCill-Mantáin, i gCill Dá Lua, i mBaile Átha Cliat, i nDoire, i gCill-Dara agus i Loch gCarmain.

Díod an oiread san órnáidí dá ndeunaim de ór i nÉirinn fadó go mba éigin an-cuid de tabairt ón Spáinn.

Díod mianaig airgid ag Tiobrud Árann agus ag a lán áiteana eile.

Adbar cleachta—Trádáil na bearda; Deuntús bróg i gCeatharloch.

Cill-Chainnig.

na príomh Bailtí.

Cill-Chainnig, Calainn, caisleán an Chumair, baile mic anndáin, achad úr.

Déintear eudaige olainne ag Calainn.
Daintear gual timcheall Caisleán an Chumair.

Cill-Chainnig .i. Naom Cainneach, ab achad bó do bí ansan: rugad é i nDoire san mbliadain 517 a.d. agus fuair sé bás san mbliadain 600.

Calainn .i. Crannaa cuilinn.

Caisleán an Chumair, .i. Cumar isead áit a mbuailfead sruth len a chéile.

Baile mic anndáin .i. Mac Anndáin.

Achad úr .i. fáirc úr nó fliuch.

CLOIGTIGTE AGUS MAINISTREACA.

Tá cloigteac ag Cill-Cainnig: Tá mainistreaca ag Seriopúin agus ag Dún Droite.

Tá 74,821 de daoine i gCill-Cainnig;
Tá 509,249 de acair ann;
Tá £295,865 measa ar talaim an Contae.

Art Mac Murcada Ó Caomhánaig.

Má ba grain le muintir na h-Éireann "Diarmuid na nGall," tainig Murcada eile ina diaid a bain piucad as na Sasanaig. Ba é sin Art Mac Murcada Ó Caomhánaig. Ni raib sé sé bliadna deug de aois, nuair tosnuig sé ag troid leo, agus lean sé díob gur chráid sé an croide acu. An méid acu ar tug sé cead puineac ar fuaid na h-áite dóib caiteadar "cios duib" a díol as. 'San mbliadain 1394 tug Risteard, Rig Sasna, foga fé Art, agus arm an-láidir aige, acht nior éirig leis, mar bíod muintir Airt roimhe in gach aon áit, agus bainead bearna mór as saigdiúiri an Rig fé srois sé Cill-Cainnig. Tug an Rig iarracht ar siotcáin do deunamh leis ansan, acht na coingeallaca do bi ón Rig ni bead Art sásta leo, agus d'imtig an t-siotcáin i léig.

Tug ceann de taoiseacaib na Normánach cuiread do Art tamall ina diaid san cum dul go dti plead, agus nior tug sé aoinne ann leis acht an cruitire. Bi ainm an cruitire sin in áirde ar fuaid na tire le na feadas cum imearta. Nuair a bi an plead i na h-aoirde dúbairt an Caomhánach leis an gcruitire ceol do seinnt don cuideacta. Nuair do iompuig an cruitire ar an gcláirseach connaic sé an áit leat-is-amuig lán de fearaib armálta. Dain sé droc-tátal asta ar nóimeant, agus in ionad amhrán grádha nó ceól rinnce do imirt ar an gcruit, chrioch sé an tig le rosc catha na Murcadaig.

Dubairt Art leis nár port é sin do na leitéid de óéáid; leig an cruitire ar é aistriugad, acht is amlaid nearduig ar an bport. Tuig Mac Murchada gach aon rud, agus nuair do feud sé amach connaic sé cad do bí indán do. Rug sé ar a claideam agus ar a sciath agus déin sé foga amach tríocha agus an cruitire ina diaid. Nior éuaid sosad air as san amach acht ag troid na ngall.

Fuair sé bás san mbliadain 1417 a.d., tar-éis do na gaill do lagúgad go mór. Deirtear gur nimh a tug bás do.

Aobar cleachta—Reacht Cille-Cainnig. Naomh Cainnig, agus mainistreacha Seriopúm agus Aéad Dó; Seán Ó Domaháin.

Ua bFáilge.

na príomh Dailtí.

an tulach mór, beannéar, éadon-doire, biorra, Daintean ua bFáilge.

tulach mór .i. Cnoc Mór.

beannéar .i. beann agus cor.

éadon doire .i. Eudan coille daraige.

biorra .i. áit a mbeadh carraigeacha geura ann; tá brig eile leis .i. tobracha.

Déintear trosgán agus caréisti ag éadon Doire. Tá cuid de Moin éile san Condae seo; Déintear leann agus biotáile i dTulach Mór.

sléibte.

Tá Sliabh Bladma in Ua bFáilge agus i Laoigis. Árd Éireann agus beárna na beanna is aoirde, 1,733 troigte tá árd Éireann, agus 1,661 tá beárna.

Aibne.

Tá an Brosnac Beag idir Tiobrud Áran agus Ua bFáilge agus riocan an Brosnac Mór trí cuid de Ua bFáilge. Gabann Canáile Laigean trid an gCondae leis.

Scoil.

Bí sean scoil ag Diorra; Naom Breannán (ba sine) do cuir ar bun í.

Tá 56,769 de daoine in Ua bFáilge;
Tá 493,263 de acáir ann;
Tá £197,944 measa ar talam an Chondae.

Cluain Mac Nois.

Tá sé ráidte gur deineadh an cloigteac mór i gCluain Mac Nois timceall na bliadna 908, cé go bfuil a lán cúntaisí adeir gurab é Fearghail ó Ruairc, Rig Connacht do dein í. Tá cúntas ann adeir gur cuireadh deireadh léi insan mbliadain 1124 a.d. Deir Petrie gur do deisiughadh éigin do deineadh uirre tá an cúntas san ag tagairt, mar gur minic do buaileadh splanncha nó do leagadh gála na cloigtighe toisg iad beit com ard.

Leagadh an ceann de cloigteac Cluain Mac Nois insan mbliadain 1135. Splanncha do buail í.

Áit an-mór le ráidh ba eadh Cluain Mac Nois. Bíodh Easbog i na comnuidhe ann, agus maidir leis an gcloigteac féin agus leis an áit i na timceall bíodar ar áilneacht.

Insan mbliadain 1552 dein na Sasanaigh bí in Áth Luain scrois ar Cluain Mac Nois. Nior fágadar clog, beag ná mór, iomás, leabar, ná prú an gloine bí ins na fuinneogaibh gan tabairt leo as.

Laoighis.

na príomh Dáilcí.

PORT-LAOIGHSE, CÚIL AN T-SÚDAIRE, MÓINTEAC MÍLEAC, MÓIN-RÁTA, MAINISTIR LAOIGHSE, SRÁID BAILE LAOIGHSE.

Daingean a lán guail i gCnoc na Mic Tire san Condae seo.
Déintear lása as Móinteac Míleac.

PORT-LAOIGHSE .i. Daingean Laoighse.

CÚIL AN T-SÚDAIRE .i. fear leadair do dheunamh agus do mhaisiú iseadh súdaire.

MÓINTEAC MÍLEAC .i. Talamh bog an mhínteáin.

MÓIN RÁTA .i. mín agus ráth.

MAINISTIR LAOIGHSE .i. Conchubar Ó Mórda do chuir an mainistir seo ar bun san mbliadain 1183.

SRÁID BAILE .i. Baile aon t-sráide amháin.

Tá 54,362 de daoine i Laoighis ;
Tá 424,723 de acair aige :
Tá £201,754 measa ar talamh an Condae.

Muintir Uí Mórda.

San mbliadain 1557 nuair do bi Proinsias Cosbi mar ceann ar saighdiúiri an t-Sasanaigh i Laoighis, cear sé ná raib aon t-slighe do bheadh cum siothcána do dheunamh, ná bás do imirt ar a bheudradh sé de Ghaolaibh.

Bhiodh an teanga mhilis sleamhain aige i gcomhnuidhe agus a cealg sáidhte ina raib timcheall air. Cum na

droc-smaointe do bí ina croide do cur i bpeidhm do cuir sé fleadh mór ar siubhal insan Rát ag Mullac Maistean, agus tug cuireadh don dream ba uaisle agus ba mó i Laoighis, agus insan dúthaigh mór-timcheall, cum siothcána agus ceangal cléibe do dheunamh idir é féin agus iad féin, mara dtead.

Do chuaidh scot bhean Laoighse agus Ua bFáilghe cum na fleidhe sin, acht nior táinig aoinne acu beo tar ais. Do bí ceann de mhuintir Leathlobhair ag dul ann comh maith le cách, agus ba ait leis 'dé cúis gan aoinne den dream do chuaidh isteach san Rát beith ag teacht amach. Tug sé órdughadh don a mhuintir fuireach siar go raghadh sé féin cum cinn, cum fios fátha an scéil do chruthughadh. Cad do cífeadh sé istigh, na coirp—an áit lán díobh, agus ni túisge fuaireadh radharc ar féin ná luighead cuige comh maith, acht cosain sé é féin len a claidheamh, agus is ar éigin báis fuair sé féin agus a mhuintir a gcosa leo go Díseart. Nior mhair acht é féin as ceithre ceud duine, agus tuit ceud h-ochtó de mhuintir Ui Mórdha. Deirtí nár tuit fearthainn ná drúcht ar an Rát riamh ina dhiaidh san, agus go n-airígtí olagóin na marbh ann i gcoim na h-oidhche.

Ba an-aoibhinn beatha do Cosbí as san amach. D'éirigh taoiseach óg i Laoighis, sé sin, Ruaidhrí Óg Ó Mórdha, fear nár thug sosadh ná suaimhneas do gallaibh fad do bí ann é. Marbhuighead Cosbí féin ag Gleann Máighe Lúir, agus do chuir mac le Ruaidhrí Óg deiread len a mac agus le mac a mhic ag an t-Sráid-bhaile san mbliadhain 1597.

Adhbar cleachta—dúnta agus caisleán Laoighse; guál 'san Condae.

Míde.

na príomh Bailtí.

Áth Trium, an Uaimh, Ceannanus Mór, Dún Dónnde.

Déintear cuid de slainne as an Uaimh. Sé mile ón Uaimh tá Cnoc na Teamhrach.

Áth Trium .i. Áth na gCrann truime.

An Uaimh .i. Eamain .i. muinéal agus slabra.

Ceannanus Mór .i. An príomh nó an ceann árus: Fiacha Fionnailces, Rí Éireann, do chuir ar bun an Ceannannus seo.

Aibne.

Gaban an Bóinn trí Chontae na Míde; Éirigean sí i gCill Dara agus teitean sí i bparraige idir Míde agus Lúgbaid, 64 de milte ar fad tá sí. Is in-seolta go h-Uaimh í.

Sean-scoileanna.

Bí scoil as Ceannannus Mór. Colum Cille do chuir ar bun í. Naoimh Pádraig do chuir ar bun an ceann do bí as Baile Sláinge agus Naoimh Fionán do chuir ar bun an ceann do bí as Cluain Iorard.

Tá 64,920 de daoine i Míde;
Tá 577,735 de acair ann;
Tá £480,417 measa ar talamh an Chontae.

Teamair.

Is as Teamair do cleachtaí feis Teamhrach gach tríomad bliadain, tar-éis iodbarta do deunamh do gach

ḋia i ḋTlaċtɡa. Ḋéintaoi reaċt aɡus nósa ḋo órḋuɡaḋ ann, aɡus fromaḋ ḋo ḋeunaṁ ar annálaiḃ aɡus ar ɡeanċus na h-Éireann, ionus ɡo scriobḋaḋ na h-Árḋ-Ollaṁain i sáltair na Teaṁraċ an méiḋ ḋo bíoḋ ḋearḃṫa ḋíoḃ, sé sin an méiḋ díoḃ a mbíṫi sásta leo, aɡus aon reaċt eile san tír ná bíoḋ ḋ'réir an ṗriṁleaḃair sin, ní bíoḋ cion fírinne orṫa.

Ni bíoḋ aon ollaṁ seanċuis in Éirinn ná scriobḋaḋ i Roilla na Teaṁraċ ainmeaċa na n-uasal ḋo bíoḋ ina ḃṗlaṫaiḃ fearainn, ɡaċ aoinne ḋíoḃ ḋ'réir a ċéime aɡus a ɡarma féin, aɡus ɡaċ ceann feaḋna ḋo bíoḋ as cionn na laoċra aɡ cosaint talṁan na h-Éireann. Ni bíoḋ aoinne acu san aɡ triall ar Ṫeaṁair ɡan fear ionṁuiṙ scéiṫe len a ċois.

Na proinntiɡṫe bíoḋ acu an uair sin bíḋis faḋa caol. Is aṁlaiḋ ṡuiḋeaḋ na cinn feaḋna ar ṫaoḃ, aɡus uaisle aɡus móṁaiṫe na tíre ar an ḋtaoḃ eile. Ḃíoḋ a ċlaiḋeaṁ féin crocṫa as cionn ɡaċ fear acu anáirḋe. Ḃa iaḋ na h-ollaṁain a bíoḋ i ɡceann an tiɡe, aɡus an luċt freastail aɡ an ċeann eile.

Ni raiḃ sé ḋe ċeaḋ aɡ aoinne suiḋe os coinne an ḋuine eile; ṫimċeall cois an ṗalla ḋo bíoḋ an ċuiḋeaċta ɡo léir. Nuair ḋo bíoḋ an biaḋ i ɡcóir ḃa ḃeus leo an tiɡ ḋo ṗollaṁuɡaḋ ionnus ná fanfaḋ ann istiɡ aċt triúr. Ḃa iaḋ san an bollsaire, an fear stuic aɡus an seanċaiḋe.

Ċum ɡlaoḋaċ ar ɡaċ aoinne ċum bíḋ a bíoḋ an fear stuic. Ṡeinneaḋ a stoc trí h-uaire. An ċeuḋ uair ḋo ṡeinneaḋ sé é ḋo ḃailiɡeaḋ luċt ionṁuiṙ sciaṫ na n-uasal ṫimċeall an ḋorais; ḋo ṫóɡaḋ an bollsaire sciaṫ ɡaċ nḋuine ḋ'réir a ɡarma, aɡus le h-órḋuɡaḋ an t-seanċaiḋe ċuireaḋ ɡaċ sciaṫ díoḃ ina h-ionaḋ féin.

Ḃa iaḋ luċt ionṁuiṙ sciaṫ na laoċra ḋo ḃailiɡeaḋ ar an ḋara ɡlaoḋ aɡus ċuirṫí ḋ'réir méiḋ a ɡarma i na n-ionaḋ iaḋ san leis. Nuair a ṡéiḋṫaí an ṫriomaḋ feaċt ḋen stoc ḃailiɡeaḋ uaisle aɡus laoċra ɡo ḋoras an ṗroinntiɡe aɡus ṡuiḋeaḋ ɡaċ n-ḋuine acu

fén a sciat féin, ionus ná bíod brúgad ná brisead as iarraid teacht ar suidheacáin, act gach aon rud com riagalta le clog uaire.

Adhbar cleachta—Oidhán agus an mallacht do cuireadh ar Teamhair: Sceulta i dtaob na rígte.

Iar-Mídhe.

na príomh Dhaltí.

Muilleann Cearr, beul átha Luain, mótha Gráinne óige, Cill Dheagáin.

Déintear eudaige olainne as beul átha Luain; áit mór aontaighe capall iseadh Muilleann Cearr. Tá Cluain Mac Nois timcheall deich míle ó dheas as san. San chontae seo tá Acadh na Gréine úd a bfuil trácht as Goldsmith ar .i. Auburn.

Muilleann Cearr.

Át-Luain .i. át Luain Mhic Lugaidhe, duine a bfuil trácht ar in oidhe Clainne Tuirean.

Mótha Gráinne óige .i. bean uasal ón Múmhain a bíodh as tabairt breath ar an mótha san. Gráinne ab ainm di.

Cill-Dheagáin .i. Sloinne nó ainm naoimh.

Locha.

Tá ceithre locha beaga in Iar-Mídhe .i. Loch Ainnin, Loch Uair, Loch Iarn, agus Loch Leibhinn.

Tá 59,812 de dhaoine san Iar-Mídhe;
Tá 434,665 de acair ann;
Tá £258,834 measa ar talamh an Chontae.

Droichead Átha Luain.

Nuair do bí Mac Gearailt ag cosaint Átha Luain, ní raibh aige acht trí ceud go leith fear. Bí sé ag fuireach go dtiocfadh St. Ruth i gceannáir air, agus dein sé a dícheall ar an áit do choimeád go dtí sin. Nior fan sé go dtiocfadh muintir Liam go h-Átha-Luain ar aon chor. Chuaidh sé amach ina gcoinne le roinnt fear, agus seasuigh sé an fód, insan t-slighe gur chuill saighdiúiri Liam a mbeartas ag teacht isteach dóibh.

Ní morán moille dein Sinéil pé sgeul é. Chomh luath agus bí sé i gcóir chuir sé a chuid gunnaí móra in órdughadh agus tosnuigh sé ag caitheamh le pallaí an bhaile mhóir. Nior bhfada go rabadar ina gcrichir aige. Thugadar fé na Gaoidhlibh annsan le fórsa láidir, acht ní ró-mhait do bí an sgeul ag na Gaoidhlibh mar bíodar corcha, tuirseach ó bheit ag troid ar feadh sgaithimh fada roimhe sin. Ní raibh le deunamh ag na Gaoidhlibh, acht beit ag brúghadh siar, siar ó throigh go troigh, ag troid i gcomhnuidhe, gur chuadar go dtí an droichead. An droichead! An droichead! "Tógtar seilbh an droichid" arsa muintir Liam, acht bí na Gaoidhil ag leaghaint an droichid le linn na h-uaire ceudna. Bí saighdiúiri Liam ar bhaile dearg. Deineadar gach aon ruidh chum teacht treasna an droichid, acht pé ruidh do deunfadhis ní bhfuighdis na Gaoidhil do bí ag cosaint an droichid do chur in díoth a gcéile. San deireadh liúghadh go raibh an droichead ag tuitim, agus cuid den muintir do bí á cosaint chaitheadar dul dhe léim insan abainn nuair chuir sé ar an taobh thiar díobh. Bí cosg ar mhuintir Liam an iarracht san, acht má bí féin ní raibh aon chosg ar a gcuid gunnaí móra. Thosnuigheadar ar chaitheamh leis an mbaile mór aris, agus nior stadadar de go raibh gach cosaint do bí ann ina bhrus. Fuair agus bí an caitheamh ar siubhal, chuir muintir Liam cúpla planc treasna an droichid. Nuair do chonnaic na Gaoidhil na plainne anáirde, bí fios acu dá n-eireochadh le

muintir Liam cúpla plannc eile do cur ina broćair go raib deireadh le h-Áit Luain.

Bí sáirsinc airm imeasg na nGaodhal, agus d'fiafruigh sé an raib deiċneabar ansan a geobad bás ar son na h-Éireann. Custúm ab ainm dó. Fuair sé an deiċneabar ar nóimeant, agus ċuaid sé féin agus iad féin amaċ ar an droiċead ċum na bplannc do ċaiteam insan abainn. Táinig ciot pileur 'san mullaċ orra. Nuair do ġlan an deatać agus an ceó, bí an t-aoinne deug sinte marb ar an droiċead, ać bí cuid den obair deunta. Ċuaid an oiread ceudna amaċ ansan. Marbuigead iad go léir ać beirt, ać briseadar an droiċead agus ġaoradar Áit-Luain ar fead na h-uaire.

Adbar cleaćta—Droiċead Fiod an Áta; Maolmuire ó Ragallaig.

Lúgbaid.

na Príom Baltí.

Dún Dealgan, droiċead áta, áit firdiad, cairlinn, grianport.

Déintear lin-eudaċ, leann agus biotáile i nDún-Dealgan. Tá oibreaća bótair iarrainn na tuaiscirte ann.

Déintear leann, cnotáil, fígeadóireaćt agus earrai iarrainn ag Droiċead Áta.

Teiġean bád an puist ó Grianport go Caċair Ċobi.

Dún Dealgan .i. Dealga Caoiseaċ Firbolg: ni ar an mbaile bí an ainm sin ar dtús ać ar an dún tá mile uaid.

droiċead áta .i. An droiċead atá ar an áit.

Ag Fiadaid .i. Ag an taoisi Fiadaid. Duit sé le Coinculainn ansan: mac do Daman de threib Firbolg ba each Fearadaid.

Cairlinn .i.

Grian-port .i. port na gréine.

Sliabte.

Sliab Cuailgne san Contae seo. Sliab Cairlinne an beann is aoirde, 1,935 troigthe ar aoirde tá sé.

Aibne.

Éirigean an Nit in lar-Mhide agus gaban sí go dtí an farraige trí lúgbaid.

Tá Rinn Clochair agus Rinn Dúin Ána ar an taob thoir den Chontae sin.

Sean-scoileanna.

Ag Mainistir Búithe .i. Naom Búithe do chuir ar bun í.

Tá 63,402 de daoine i lúgbaid;
Tá 202,181 de acair ann;
Tá £158,351 measa ar talam an Chontae. Isé an Contae is lúga in Éirinn é.

Fearadaid agus Cúchulainn.

Nuair ná raib aon fágail ar buadhcant ar Coincúlainn ag cosaint Cúige Uladh do, dubairt muinntir Connacht go mba cheart Fearadaid do chur ina coinne mar gurab iad na gothaidhe ceudna cogaid bí foglaimthe acu araon, ach ní ragad Fearadaid ag troid, mar cara do ba each Cúchulainn agus ba iad na daoine ceudna tus teagosc dóib, ach do bagair Meadb na draoithe do chur ag deunam aor agus aithis air mar an ragad.

b'fearr le fearḋiaḋ tuitim san troiḋ ná náire ḋo fáġail le ranna cáinte, aġus ċuaiḋ sé sa troiḋ. cé ġurab í an sċian tríḋ an ġcroiḋe leis é, mar ná raiḃ beirt ar an talaṁ ḃa mó a raiḃ ġráḋ aca ḋá ċéile ná aiġe féin aġus aġ Cúċulainn.

Ġeall Meaḋḃ ġaċ aon ruḋ ḋo as ḋul san troiḋ. Seo mar a ġeall sí :—

Ġeoḃair luaċ mór ḃuinne
Leo ċuiḋ máiġe is cailleaċ
Le saoirse ḋo ċloinne
Ó inḋiu go ḋtí bráṫ.
A Fhirḋiaḋ mic Ḋaṁain,
Ciriġir ós ġaċ anáil
Cad ḋuit ġan a ġaḃáil
An níḋ ġaḃas cáċ.

Þé sgeul é ċuaiḋ an beirt aġ troiḋ, aġus níor ṫroiḋ riaṁ in Éirinn i go ḋtí san; sé sin, ni raiḃ aon ḃreiṫ aġ aon troiḋ eile ar an troiḋ sin. Ḃí lúireaċ ḋeunta ḋe aḋaiṙc timċeall Fhirḋiaḋ, aċt ṁarḃuiġ Cúċulainn san ḋeireaḋ é. Ḃa é coġaḋ na gcarad ġan aṁras aca é, aġus nuair ḋo ḃí Fearḋiaḋ aġ fáġail ḃáis ḋuḃairt sé an rann seo—

"Truaġ a Ḋé,
Teaċt ḋo ṁnaoi eadtrom is é;
Leaṫ mo ċroiḋe an Ċú ġan ċoil,
Is leaṫ croiḋe na Con mé."

Meaḋḃ an ḃean ḋo ċuir aġ troiḋ iaḋ. Ḃa ċuma léi siúḋ cruaḋtan ḋá ġéire ná fulaing mór-ṗáineaċ, aċt ḃuaiḋ ḋo fáġail ḋí ar an naṁaiḋ.

longport.

na príomh dáilte.

longport, granard, meath truim, druim lis.

longport .i. áit daingean: muinter ui fearghaoile ba theise ann.

granard .i. granard an t-sean-ainm do bí ar an áit sin: ní tuigtear i gceart cad is brígh leis.

meath truim

druim lis .i. lios agus drom.

loca.

loch gamhna. Deirtear gur táinig gamhain as tobar gamhna, tobar atá míle slighe ó granard agus gur lean uisge an tobair í, agus nár stad sé gur chuaid chomh fada le beul átha seanraigh; gur leathnuigh uisge an tobair san áit a bhfuil loch gamhna anois, agus 'san áit a bhfuil dá loch éirne.

Tá 43,794 de daoine i longphuirt;
Tá 257,770 de acáir ann;
Tá £226,200 measa ar thalamh an Chondae.

talamh feurach.

Tá i bhfad nios mó talmhan i nÉirinn fé feur ná mar atá saoruighte. Is mór an mí-áidh agus an cur siar ar aon tír é sin, mar in ionad na ndaoine beith ag coimeád greama ar an talamh, is amhlaidh táid ag bogadh de ghus ag cur díobh thar lear. Faid agus

DEIDH NA MILTE ACRA AG AOINNE AMAIN, AGUS GAN DE OBAIR AIGE DA TABAIRT UAIDH ACT AN MEID DO DEINEAN SE FEIN AGUS A MADRA NI BEIDH AON RAT AR AN TIR.

RUD EILE TA AR AN TIR SEO NA AN T-UIREASBA CRANN TA INNTE, AGUS AON TIR NA BION COILLTE INNTE NI BION SI COM FOLLAIN AGUS BA CEART DI BEIT.

ADBAR CLEACTA—MUINTIR UI FEARGAIL.

cúigɛ ulaḋ.

Tá naoi gCondae i gCúigɛ Ulaḋ .i. Aontrom Dúin, Árdmaċa, Doire, Tír-Ċonaill, Muineaċáin Fearmonaċ, Caḃáin, agus Tír Eogain.

Aontrom.

na príoṁ Ḋailtí.

beul feirste, lios na gcearrḃaċ, an baile meaḋonaċ, carraig fearḡusa, baile an ċláir, latarna, aontruim, baile muine.

Déintear lín euḋaċ, longa, tobac, sniom, teuḋa, leasú, bagún, euḋaiġe olainne, grl., i mbeul feirste. Is mó lín euḋaiġ a déintear innte ná in aon áit eile san doṁan.

Déintear lín euḋaċ san mbaile Meaḋonaċ agus i lios na gCearrḃaċ.

Tá coláisti agus iol-scol i mbeul feirste. Tá mianaċ iarrainn le h-ais Ġleann Arma. Tá mianaċ salainn ag Carraig Fearḡusa.

beul feirste .i. fearsaḋ .i. port gainme i mbeul na h-aḃann.

lios na gcearrḃaċ .i. Cearrḃaiġ a bíoḋ ag imirt timċeall an leasa san.

an baile meaḋonaċ .i. baile ioir ḋá baile eile.

Carraig Fearsusa .i. Fearsus Mac Eirc da luaidte ansan. Cuaid a lán de Gaedlaib go h-Albain leis san mbliadain 503 a.d., agus ba é an ceud Rig Gaedlac do bí ar Albain é.

Baile an Clair .i. Clár iseadh fiosa talmhan réid.

Lacarna .i. Mac do Ugaine Mór ba eadh an Lacarna seo; dein Ugaine fiche cúig de cuideoga de éirinn, cuid do gach mac dá raib aige; ní mhairean díobh acht an t-aon ainm amháin sin.

Aontruim .i. Aon treib amháin.

Baile muine .i. Scuabarnach glas.

Lag ui néill .i. Lag talmhan Ui Néill.

Cois Abainn Dála .i. Cois na h-aban san Dála.

Sléibte.

Sléibte Aontruim san condae seo. Trostán an mhullach is airde díobh, 1,811 troigthe os cionn na mara.

Tá Cnoc Leitid ann leis 1s ar Sliab Mis do díobh Naomh Pádraig ag aodairecht.

Aibne.

Gaban an Lagán trí cuid de Aontruim, agus reidean sí i bfarraige i loch Laoig. Is ionseolta go lios na gCearrbach í. Tá sí 48 de miltib ar fad. Tá Aba na Sé Mile, an Mang, agus an Drigid ag riot isteach i loch n-Eacach.

Locha.

Tá loch n-Eacach idir na cúig condae seo .i. Aontruim, Dúin, Armhacha, Tir Eogain agus Doire: 153

de mhiltibh cearnógacha tá innte agus daoscan an Banna Íochtarach cum farraige i.

CUANTA.

Tá an Cuan Ruadh agus Loch Ollardha in Dontruim: tá Loch Laoigh idir Dontruim agus an Dúin.

CINN TÍRE.

Beann Mór, Beann Gabar.

CANÁLACHA.

Teidean Canáile Uladh ó Loch n-Eachach go Loch Éirne;
Tá 478,603 de daoine in Dontruim;
Tá 711,666 de adhair ann;
Tá £418,107 measa ar thalamh an Chontae.

Einrí Seoigh Mac Reachtain.

Rugadh Einrí Seoigh Mac Reachtain i mBeul Feirste an lá déidheanach de Lúghnasa insan mbliadhain 1767. Nuair do chuireadh na ceudchumainn "Dontuighe" ar bun, bí Einrí i bhfochair Ruiséil ag gabháil don obair. D'oibrigh sé go dian dícheallach as san gur cuireadh an t-eirighe amach ar bun i nDontruim insan mbliadhain 1798. Ba é do bí mar cheann ar na h-óglaigh i gcoinne na Sasanach an lá san, acht theip go dona orra go léir, acht má theip níorbh é cionnta Mhic Reachtain é, mar ná raibh sé acht cheithre lá ina cheann-uraidh orra an t-am san. Dein sé gach aon rudh a feudfadh taoiseach do dheunamh chum a chuid fear do choimeád le chéile le linn na h-eirighe amach, agus meireach an mí-ádh bí orra go léir do eireochadh go maith leo. Fear ba eadh Mac Reachtan thus i bhfad ag obair ar son "Chumainn na nGaedhal n-Dontuighe." Ní raibh díol ná teidheal uaidh. Deireadh sé go minic ná raibh dadha uaidh féin acht obair: go bhfágfadh sé na teidheail ag daoinibh eile, acht nuair deineadh ceann-uraidh an airm de, dein sé sár-

iarracht ar Comhacht na Sasanach do bhriseadh i nÉirinn, agus má cheip air mar do cheip ar a lán mar é, is trí na croibe a chuaid sé.

Crochadh i mBeul Feirste é. Deirtear ná raibh fear ní ba deise méinn, ní ba ceannmhala ar na daoinibh, ná ba mó mhisnigh i gcoinne na namhaid ná é.

Aobhar Cleachta—An Ruiséalach in Ulaidh.

Dúin.

na príomh Bailtí.

Dún Pádraig, Inbhar Chinn Trágha, Droichead na Banna Baile Árd Uladh, Árd Mic Nascha, Beannchar.

Déintear teudas, agus sailltear bagún ag Inbhir Chinn Trágha, agus tá mianach eibir ann; déintear lín-eudach ar fuaid Chontae an Dúin.

Dún Pádraig .i. do Naomh Pádraig a déintear tagairt anso. Dún Dá Leith-Ghlas a thugtar go minic ar an áit i dtaobh briseadh le miorbhailt ar an dá ghlas do bhí ar beirt Mhac Dicú, nuair do bhíodar ina mbráthá ag Laoghaire Rígh.

Inbhir Chinn Trágha .i. an crann inbhir do bhí ag fás ag ceann na trágha. Naomh Pádraig féin do chuir an crann sin.

Droichead na Banna .i. An droichead tá ar an mBanna.

Beannchar .i. Árd an choir.

Ráth-Foircealláin .i. Sloinne iseadh Foircealláin.

Baile na h-Inse .i. áit réidh íseal cois abann iseadh Inse.

PORT AN PEIREAD .i. beurla leat an focail .i. calad.

SLÉIBTE.

Tá beanna bóirce 'san dtaob teas de Contae an Dúin. Sliab Domhangairt an mullach is airde díob, 2,796 troigthe ar airde tá sé. Tá Sliab Bearnach agus Sliab Coimeádtach orra leis.

Tá Sliab Crúb 1,775 troigthe ar airde; i lár Chontae an Dúin tá sé. Ba é bóirce, Aodaire Ros, Rig Éireann san tríomhadh ceannair, agus ar mullach na sliab seo a caiteadh sé a chuid aimsire.

LOCA.

Loch Cuan agus Tráig Rúdraide.

CINN TÍRE.

Rinn Eoin, Rinn Lis, Rinn Cinn Bearra.

Bí an mhinistir liath i gContae an Dúin; bí sean-chloigteach ag Druim Bó; bí sean-scoil ag Beannchar Naomh Comhgal do chuir ar bun í.

Tá 304,589 de daoine i nDúin;
Tá 612,113 de acair ann;
Tá £488,700 measa ar thalamh an Chontae.

Seumas Hóp.

Rugadh Seumas Hóp ag Teampull Pádraig i nAontruim an cúigmhadh lá fichead de Lúgnasa insan mbliadain 1764. Ní raibh fear eile a dhein an oiread oibre chum comhacht na Sasanach do bhriseadh leis. Fear ciúin gan mórán le rádh ba eadh é, acht nuair do labharfadh sé ar aon chor is ag molad a thuille de na daoiseacaib a throid insan mbliadain 1798 de bíodh sé. Ní deireadh sé focal mar gheall ar féin aon am.

An lá do buaileadh cath Aontruim, ba é an té ba shia a sheasaig insan troid é, agus níor striocc sé riamh

ná coiṁce go bfaca sé ná fuigeaḋ sé a cuille do ḋeunaṁ.

Tar-éis an briseaḋ teaċt ar ṁuintir Cúige Uiaḋ, fuair Seumas boċt a lán de aingeise an t-saoġail. Ba eigin do beiṫ ag cur de ó áit go h-áit, mar ní túisge bioḋ obair faiġte aige, ná d'aiṫniġeaḋ duine éigin é ṫugaḋ an sceula ċum luċt an tiġe.

Ḋein a lán dá cáirde iarraċt ar é ṁeallaḋ anonn go tí an bfrainne, aċt ní raiḃ aon ṁaiṫ ḋóiḃ ann. Ni fásfaḋ sé Éire ar aon airgeaḋ.

Is iongantaċ an méid cleas do imir sé ar saiġdiúiri na Sasanaċ, nuair do bioḋ sé ag imṫeaċt timċeall na túiṫe ar ġnó an eiriġe amaċ.

Fear a raiḃ árd-ṁuinġin ag gaċ aoinne as ba eaḋ é, agus is mó sgeul a airiġtear i ḋtaoḃ Seumais Hóp, fiġeaḋóir na tuaisceartа.

Aḋḃar Cleaċta—Einrí Munró.

Árd Maċa.

na príoṁ Ḋailtí.

Árd Maċa, an Lurgain, port an ḋúnáin, Cloċ an Riaḃáin, an Céideaḋ.

Árd Maċa .i. Maċa an cinn óir a ċuir Camain ar bun.

an Lurgain .i. Ḋrom talṁan, fada, iseal.

port an ḋúnáin .i. port an ḋúin big.

an Céideaḋ .i. Cnoc cruinn.

Ḋéintear lin-eudaċ agus leaṫar in Árd Maċa. Ceap Naoṁ Pádraig an áit sin in Árd Maċa ċum árd ċeann an ċreidiṁ in Éirinn beiṫ ina ċoṁnuiḋe ann.

Tá 119,652 de daoine in Ard Macha;
Tá 312,659 de acair ann;
Tá £206,019 measa ar talaimh an Contae.

sléibte.

Sliabh gCuillinn, áit a mbíodh Mac Mirone úd dóghadh Teamhair gach aon bliadain.

macha.

Do bí Macha, ingean Aodha Ruaidh, ina bainríoghain ar Éirinn ar feadh seacht mbliadhna, nó gur mharbuigh Reachtaig Rígheard í.

Is amlaidh bí a h-athair ina Rígh ar Ulaidh, agus nuair a fuair sé bás, do éilig Macha ríoghacht na tíre, acht do chuir Díochorba agus a clann ina coinne. Ba é an duine é Díochorba ná Rígh éile bí in Ulaidh, agus bíodh gach re seacht mbliadhna aige féin agus ag Aodh Ruadh agus ag Ciombaoth ag riaghalughadh na h-Éireann. Chuaidh Macha san troid, agus i gceann tamaill ina diaidh san fuair Díochorba bás, agus d'éilig a cúigear mac ríoghacht na h-Éireann "ó ba dual athar dóibh é," adubaradar.

Chuaidh Macha san troid leo san leis, agus chuir sí an ruaghaint orra. Thugadar fé na coillte ansan. Fós Macha Ciombaoth, agus dein sí taoiseach os cionn a cuid sluaighte de, agus chuaidh sí féin ar chóir chlainne Díochorba.

Fuair sí greim orra ag coill Dhuirin ag rósta toirc, agus pé slighe a bhfuair sí an lom orra, thug sí gaibhte go h-Ulaidh iad. Dubairt na h-Ultaigh go mba ceart iad do mharbughadh, acht dubairt Macha daoir a deunamh díobh agus iad do chur ag deunamh dúin a sháróchadh dúnta na Cúige go bruinne bráth. Dain sí an dealg óir as a brághaid cum fota an dúin do thomas, agus sin é fáth na h-ainme sin Eamhain, sé sin, "eó" dealg, agus muin, sé sin, muinéal.

Adhbar cleachta—Conchubar Mac Nessa; Oide Chloinne Uisne.

Muineacán.

na Priom Dailtí.

MUINEACÁN, CLUAIN EOIS, CARRAIG MACAIRE ROIS, BEUL ÁTA BEITE, CAISLEÁN MAGHAMNAC.

Tá Sipsum agus Gual ag Carraig Macaire Rois; agus déintear lása ann. Tá mianac airgid, luaid agus sinc fé deisceart Muineacáin. Tá cloigteac ag Cluain Eois.

MUINEACÁN .i. Muine beag: áit a mbeadh a lán crann beaga tiúga iseadh muine.

CLUAIN EOIS .i. Taoiseac páganac ba eadh Eois: do bí sean-dún ansan.

CARRAIG MACAIRE ROIS .i. Duitce ba eadh Macaire Rois; macaire na gcoillte is brig leis.

BEUL ÁTA BEITE .i. Át agus crainn beite.

CAISLEÁN MAGHAMNAC .i. Sloinne.

Gabhan Canáile Ulaidh tríd an gCondae: tá Sliabh Beagh idir Muineacáin agus Tir-Eogain. Tá dá loc beaga ann .i. Loc Éigis .i. duine léigeanta, agus Loc Macna.

Tá 71,395 de daoine i Muineacáin;
Tá 318,806 de acair ann;
Tá £208,274 measa ar talamh an Chondae.

Áiteanna Adlacadh.

Tá go leor de na h-áiteannaibh sin in gach aon áit timcheall na tire. Taoisig agus daoine mora le rádh tá curtha iontu. Is amlaidh déintí iad do chur i dtuamaibh; carn árd do tógaint os a gceann

ansan. Tá siad ar chnocaibh, agus ar mhágaibh comh mait le na céile; cuid acu ina n-aonar, agus go leor acu i bpocáir a céile. Aon áit a mbíon go leor acu i bpocáir a céile is amlaid bí cogadh ann am éigin, nó bpéidir plág éigin teacht ar na daoinibh. Is fiú go mór scrúdughadh do dhéanamh orra, mar is iongantach an méid stáire tá ag baint leo. Is minic a gheibtear tuama dhuinta de chlocaibh ina seasamh díreach. Cromleaca ugtar orra san.

Addar cleachta—lion i gCúig Uladh.

Tír-Eogain.

na príomh Bailtí.

An Ósmhag, Dún Geanainn, an Srath Bán, Cora Críche, Achadh na Cloiche, Fionntamhnach.

Tá mianach guail fá oirthear Tíre Eogain: Déintear lion in Ósmhag, agus in go leor de bailtí Tíre Eogain; déintear eudaighe olainne ag an Srath Bán; déintear gallúnach ag Domhnach Mór.

An Ósmhag .i. Más ós .i. Naomhta nó iomlán.

Dún Geanainn .i. Geanainn mac Capa Draoi, do bí ina comhnuidhe ann insan cheud ceannair.

Srath Bán .i. An móinéeur bán ar thaobh na h-abann sin Mhuborn.

Cora Críche .i.

Fionntamhnach .i. Páirc bán, nó fionn.

Sléibhte.

Tá sléibhte an Speirin i dTír Eogain agus i nDoire: Samhail an beann is aoirdhe díobh, 2,240 troighthe ar aoirdhe tá sé.

Aibne.

Cuireann an Abha Mór i dTír Eoghain, agus teitheann sí isteach i Loch nEathach; 50 de milte ar fad tá sí.

Tá Abha Coilleadh, an Sruthail, Abha Baile agus an Muthruim ann leis.

Tá 142,437 de thaoine i dTír Eoghain;
Tá 778,943 de acáir ann;
Tá £332,593 measa ar thalamh an Chontae.

Beann Borb.

Insan mbliadhain 1646 an seachtmhadh lá Bealtaine do bhuaileadh cath ag Beann Borb. Eoghan Ruadh Ó Néill do bí mar thaoiseach ar na Gaoidhealaibh agus Munró ar na Gallaibh. Sé mhile fear do bí ag Munró, agus cúig mhile ag Eoghan Ruadh.

Shocruigh Munró an sgeul go léir chum a thola féin. Bhí sé ceapaighte ag á dheárbhráthair, Seoirse, seacht i gcabhair air le h-arm eile, acht bí muintir Eoghain roimh-ré leo, mar nár leigeadar i ngoire na h-áite ar aon chor iad, agus níor thainig congnamh ná cabhair ó dheárbhráthair Munró riamh.

Nuair thainig Munró féin bí saighdiúiri Eoghain ag faire na h-átha ag Beann Borb, agus ní raibh aon fhógail ag na Gallaibh ar dul treasna na h-abhann gan aistear mór do chur orra féin. Leig Eoghan Ruadh dóibh é sin do dheunamh agus thug sé roinnt foga púca i rioctt an lae sin, chum iad do thraochadh le tuirse.

Nuair do bí saighdiúiri Eoghain ag casadh um thráthnóna, bhí Munró gurab é congnamh a dheárbhráthar do bí ag teacht, acht bí bhreall air. Is amlaidh bhíodar a stopadh a dheárbhráthar.

Thug Eoghan fé mhuintir Munró gan a thuille moille ansan, agus ní raibh dul as ná teicheadh acu, mar do bí

Eoġan rompa amaċ agus an aḃainn ar an taoḃ ċiar ḋíoḃ.

Nuair do ḃí an tóir aġ teaċt ró ġairid doíḃ ḋuġ a lán acu fén aḃainn agus báḋaḋ iad. Cailleadar os cionn dá míle fear, aċt níor ċaill na Gaoḋail aċt seaċtó.

Do ḃí an-áċas ar muintir na h-Éireann, aċt ní raiḃ aon t-sloċċáin i nḋán don tír, mar fuair Eoġan Ruaḋ ḃás trí bliaḋna ina ḋiaiḋ san ar an séiméaḋ lá 'Gamain, aġ caisleán Ċloiċe Uaċtair. Cuireaḋ é aġ mainistir Naoiṁ Prionnsias i gCaḃáin. Ḃíoḋ a lán daoine á ráḋ gur niṁ tuġaḋ do, aċt níl aon deiṁniuġaḋ air.

Aḋḃar Cleaċta—Naoṁ Mac Cárṫan agus Damnait.

Fearmonaċ.

na príoṁ ḃailtí.

Inmis Ceitleann, Lios na sgiaċ, Aċaḋ Gé, Ros Liaṫ, an Ċeis.

Inmis Ceitleann .i. Dean Balor. taoiseaċ na bFomóraċ do ḃí ina gcoṁnuiḋe ar Oileán Tóraiġe.

Lios na sgiaṫ .i. Sciaṫa .i. cóir Cosanta.

Aċaḋ Gé .i. páirc na gé.

Ros Liaṫ .i. Coill liaṫ.

An Ċeis .i. Droiċeaḋ sliaṫ a ḃeaḋ deunta ar aḃainn nó áṫ.

Aiḃne.

Gaḃan an Éirne trí Fearmonaċ; amaċ as loċ Gamna ṫagan sí. Tá trí loċa uirre .i. Loċ Uaċtair, Loċ Éirne Uaċtaraċ, agus Loċ Éirne Íoċtaraċ.

SEAN-SCOILEANNA AGUS CLOISTIGHE.

Tá cloistheach ag Daimhinis i Loch Éirne Íochtarach, agus do bí sean-scoil ann leis: Naoi Laisir-fhiona do chuir ar bun í.

Tá 61,811 de daoine i bFearmonach;
Tá 417,665 de acair ann;
Tá £198,148 measa ar talamh an Chontae.

NA CANÁLACA.

Ní dheinthear an úsáid de na canálacaibh anois, mar ba cheart a dheunamh. Do bí an tseul maith go leor acu gur thosnuigh na hoibre iarainn. An mhíreacht a ghabhthear earrai do chuir ó áit go h-áit ar an mhóthar iarainn tá ag marbhúghadh na gcanálacha, acht tá na hoibre iarainn i bhfad nios costasmhala.

Ba mhór an mhaith do'n tír seo an-chuid canálacha beith innte mar thaosghfai an-chuid de talamh fliuch agus de mhóinteán, agus gheobhfai tairbhe éigin asta mar mhinteáin in ionad iad beith ina bhfásach mar táid anois.

Bhion an-chuid trádála ar an t-Sionainn. Le congnamh cúpla canáile gairid, is féidir earraidhe thabairt i mbádaibh ar an t-Sionainn, ceud agus ceathracha milte .i. ó Luimnigh go barra Loch Aillinne.

Adhbar cleachta—Oileán Saimir insan sean-saoghal: Muintir Mhic Uidhir.

Cabán.

na príomh bailte.

Cabán, an muinicille, beul tairbeirt, cill Catlaig.

Cabán .i. clais talmhan. Cabán Ui Ragallaig tugtar air.

An muinicille .i. dealradh nó cosamhlacht muinicille tá ar an áit sin.

beul tairbeirt .i. príosa talmhan a mbeadh uisge nó farraige nach mór ina timcheall isedh Tairbeirt.

sléibte.

Sliabh Cuilceach, 2,188 troighte ar aoirdhe tá sé. Tá Sliabh an Iarainn idir Cabán agus Liatdrom. Tá mianach mór iarainn fén sliabh san.

aibne.

Eirigean an t-Sionainn i Sliabh Cuilceach. Tá a lán aibne beaga i gCabáin.

loca.

Loch Uachtar, Loch Reamhair, Loch Silean.

Tá 91,071 de dhaoine i gCabáin;
Tá 467,025 de acair ann;
Tá £189,148 measa ar talamh an Chontae.

bóithre.

Bíodh bóithre ar foghnamh i nEirinn i gcomhnuidhe, is cuma 'dé an faid siar 'san t-sean-aimsir do raghá. Tá rian na mbóthar san ann i gcomhnuidhe, cé go bfuil na ceudta bliadhan imthighte ó bíodh ag

TAISTEAL ORRA. Díoḃ páil aḋmaiḋ, nó páil ċloċ orra, d'réir mar do oirfeaḋ. Díoḃ ċúig ḃóiṫre mora ag imṫeaċt ó Ṫeamair na Rí§ .i. siar, siar ó ṫuaiḋ, soir ó ṫeas, soir ó ṫuaiḋ, a§us ó ṫuaiḋ. Ba í ainm a díoḃ ar ḃóiṫriḃ eile i nÉirinn ná easca1r, a§us díoḃ ceann mór acu san ag dul ó §aillimh go Deire Áṫa Cliaṫ.

Aḋbar cleaċta—Muintir Uí Ra§allai§.

Doire.

na Príom Ḃailtí.

DOIRE ĊUILM CILLE, CÚIL RAṪAIN, LÉIM AN MADAIḊ, MAĊAIRE FIO§AIḊ, CILL RÉIḊE.

Déinteaṙ lín-eudaċ, leaṫar, dría§aireaċt, bró§a, léinteaċa, bonaí a§us a rl., a§ Doire; déinteaṙ a§us deisi§teaṙ lon§a ann.

Déinteaṙ dría§aireaċt a§ Cúil Raṫain.

DOIRE .i. Coill daraiḃ. Do ċuir Naoṁ Colm-Cille mainistir ar bun ann insan mbliaḋain 546. Doire Calṫaċ ab ainm do roiṁe sin. Calṫaċ sin laoċ fíoċmair.

CÚIL RAṪAIN .i. Cúil na Raiṫni§e.

LÉIM AN MADAIḊ .i. Madraḋ

MAĊAIRE FIO§AIḊ .i. Maċaire feaḋa .i. luaċair?

Sléiḃṫe.

Tá na Speiriní idir Tír Eo§ain a§us Doire. Saḃall an beann is aoirde díoḃ, 2,240 troi§ṫe ar aoirde tá sé.

Tá Sliaḃ §Callainn ann leis.

aiḃne.

Pirigean an Ruaḋ i sléibtiḃ Speirin, agus teiḋean i bparraige i loċ Feabail. Gaban an Banna idir Ḋoire agus Aontruim. Teiḋean sí i bparraige timċeall ċúig míle ó ċuaiḋ ó Ċúil Raiṫin. Tá Cúil Raiṫin ar a bruaċ.

loċa.

Tá loċ Beag idir Ḋoire agus Aontruim, agus loċ Feabail idir Ḋoire agus Tír Conaill.

Tá 140,621 ḋe ḋaoine i nḊoire.
Tá 778,943 ḋe aċair ann.
Tá £332,592 measa ar ṫalam an Ċontae.

Liam Putnam Mac Cába.

Cé nár rugaḋ Liam i nḊoire táim ag cur síos air anso, mar fear iongantaċ ba eaḋ é, agus is mó áit a ṡiubal sé ar son a ṫíre.

Liam Putnam Mac Cába an namaiḋ ba mó a ḃí ag Riaġaltas Śasna; an fear ba mó a ḋein obair ar son a ṫíre, agus an fear nár ṫáinig sosaḋ na staonaḋ air; an fear ná bíoḋ aon ċompórd aige féin, aċt nuair ḋo bíoḋ sé ag ḋeunaṁ rudaí éigin i gcoinne an Riaġaltais sin, agus nuair ṫáinig an t-aos air 'san deireaḋ, agus é sinte ar a leaba, lán de pianta, ní beaḋ foiḋne aige an uair sin féin gan a ḋíceall ḋo ḋeunaṁ i gcoinne na sean-namaiḋe sin, a ḋein brus de ṫig a aṫar agus do ċuir an gráin ḋearg aige féin ar gaċ teiḋeal agus ar gaċ poc a baint leis na gallaiḃ.

Díbearaḋ ó Éirinn é agus ḋuḃraḋ leis gurab é an bás beaḋ indán do ḋá gcaspaḋ sé, aċt ċas, agus ní aon uair amáin ná fé ḋó é, aċt go mion minic.

Fear ba eaḋ é a ġeoḃaḋ aon ċrot agus gaċ aon ċrot do ċur ar féin, aon am agus gaċ aon am. Uaireanta bíoḋ sé ina ṡean-ḋuine críon aosta, agus i gceann noimeant na h-uaire beaḋ sé ina scor de ḃuaċaill

ÓG, AGUS NÍOR TÓIĆIŻE AMUIŻ AR AN SLIAB É NÁ ISTIŻ I LÁR NA SAIŻDIUIRI, AGUS CULAIĆ AIR DÍREAĆ MAR BEAD AR ĆEANN ACU FÉIN.

FÉR ĆOSNUIŻ AN CROID AG CÚIŻ UILAD I 1798, AGUS I BFAD INA DIAID SIN, NÍ RAIB FEAR EILE ANN A RAIB NÍOS MÓ SCÁT AG SASANAIŻ ROIMHE. NÍOR MÓR DÚINN-NE AIĆNE NÍOS FEARR DO CUR AIR, ĆUM ŻO DTUIŻFIMÍS A ĆRÉIĆE.

ADBAR CLEAĆTA,—FALLAI ĆOIRE.

TÍR-ĆONAILL.

NA PRÍOM BAILTÍ.

LEITBEARR, BEUL ÁTA SEANAIŻ, LEITIR CEANAINN, TÚN NA NGALL, BUN CRANNAIŻE, BUN AN POBAIL, RÁT MEALLTAIN, ALT AN CORRÁIN, RÁT BOT.

TÁ EIBEAR AGUS IARANN I DTÍR ĆONAILL; DÉINTEAR ŻO LEOR FÍŻEADÓIREAĆTA AGUS LÍN-EUDAIŻ ANN.

LEITBEARR .I. CAISLEÁN LEITBEARR AN T-SEAN-AINM.

BEUL ÁTA SEANAIŻ .I. SLOINNE ISEAD SEANAIŻ. AR BRUAĆ NA H-ÉIRNE TÁ AN BAILE SIN.

LEITIR CEANAINN .I. FÁNAD CNUIC ISEAD LEITIR. AGUS TAOSIŻ BA EAD MUINTIR CEANAINN; DE ŚIOLRAĆ ĆONAILL ŻULBAIN BA EAD IAD.

TÚN NA NGALL .I. LOĆLANAIŻ BA EAD NA ŻAILL SIN.

RÁT BOT .I. RÁT AGUS BOT.

BUN CRANNAIŻE .I. AN BAILE TÁ AG BEUL NA CRANNA; ÁIT MÓR IASŻAIREAĆTA É SIN.

Rát mealltain .i. ainm duine iseadh Mealltain.

sléibte.

Tá sléibte Tíre Conaill nach mór ar fuaid an Condae. Aireagal an beann is aoirde; 2,466 troigte ar aoirde tá sé. Tá an Cruach Gorm 2,240 troigte ar aoirde.

aibne.

An Finn, Abha na Deirge, an Daol, Abha Súiligе.

loca.

Loch Fionn, Loch Iasg, Loch Dearg, Loch Gartán, Loch Súiligе.

cinn tíre.

An Málainn, Ceann Inse Eogain, An Rinn Mór, Rinn Árd Dealbha, Ceann Glinne, Ceann Ruis Eogain, Ceann Carraigin.

cuanta agus badhana.

Cuan na Long, Bád Gaoit Dearra, Bád Luachrais, Bád Málainne, Bád Úin na nGall.

Tá 168,420 de daoine i dTír Conaill;
Tá 1,190,269 de acair ann;
Tá £228,483 measa ar talamh an Condae.

oileáin.

Oileán Toraigе, Inis Deag, Inis Bó Finne, agus Árra Mór.

Conall Gulbain an taoiseach tá luaidhte anso. Ba é cúis ar tugadh Gulbain air, ná gur ag Beann Gulbain i Sligo do tógadh é. Fuair sé bás 'san mbliadain 464.

Seo an uimhir daoine a bí i gcuid de na baile móra ag an áireamh a deineadh insan mbliadain, 1926.

ulaidh.

Beul feirste (315,492); An lurgan (11,782); Lios na gCearrbach (11,461); Ard Macha (7,588); Carraig fearguisa (4,208); Doire (39,892); Cúil Raithin (6,968); Inis Ceithleann (5,412); Dún Geanann (3,694); Muineachain (4,643); Cabán (3,056); Beul Átha Seanaigh (2,112).

laighin.

Báile Átha Cliath (316,471); Dún Laoghaire (18,992); An Carraig Dubh (9,931); Dún Dealgan (14,007); Loch gCarman (11,870); Cill Cainnigh (10,056); Ceatharlach (7,175); Áth Luain (7,546); Tullach Mór (4,924); Nás (3,443); Áth-ní (3,459); An Uaimh (3,649); Inbhear Mór (4,526).

Colum-Cille.

Rugadh Colum-Cille ag Gartán i dTír Conaill insan mbliadain 521. Feilimi do b'ainm don athair agus Eithne ó Laighin a máthair.

Cuireadh Colum go dtí sagart dárb ainm do Cruithneachán nuair do bí sé an-óg. Bí sé socair ag á máthair é cur go dtí a leithéid de áit, mar do bí sé ceapaighte ó thús aige é beith ina sagart.

Nuair do bí sé timcheall fiche bliadain de aois, chuaidh sé go dtí mainistir mhór Chluain Ioraird i Mide.

Nuair do deineadh sagart de chuaidh sé ó chuaidh ag triall ar a muintir féin, agus fuair sé talamh agus ionad mainistre uatha ag Doire. Ba mhór a taithi Doire leis, agus ba mhór é a cathughadh ag fágaint na h-áite. Do chuaidh sé go h-Albain chum an chreidimh do bhunughadh ansan, agus tá fios ag an saoghal conus do eiriġ leis ann. Tar-éis do a saoghal do caitheamh ag obair i nÉirinn agus in Albain fuair sé bás in Oileán Í insan mbliadain 597.

Deirtear gur táinig aingeal cuige á ráð leis go raiḃ a saoġal ar an talaṁ seo caiṫṫe, agus go mbeaḋ sé á fáġaint oiḋċe áiriġṫe. Nuair táinig an lá san ġlaoiḋ sé cuige Diarmuid agus duḃairt leis é taḃairt amaċ timċeall na h-áite, cum go bráġfaḋ sé slán, agus go bruiġeaḋ an raḋarc déiḋneaċ ar na h-áiteanna ba ṁéinn leis. Tuig sé a aġaiḋ ar tig an lóin ar dtúis, agus nuair do connaic sé lán é tuig buiḋeaċas le Dia dá deasġaḋ. Nuair do airiġ Diarmuid aġ ráð na cainnte sin é, táinig eagla agus bróin air, agus ní aon ṁisneaċ ró-ṁór do bí aige 'á fiafruiġe de Colum Cille an amlaiḋ bí sé cum iaḋ do fáġaint. Nuair aduḃairt Colum Cille leis gurab eaḋ is iongnaḋ nár bris a croiḋe. Duḃairt sé leis ansan gan é innsint do aoinne, agus duḃairt Diarmuid ná deunfaḋ.

Suiḋ Diarmuid agus Colum Cille síos ansan, agus táinig an capall bán a bíoḋ aġ taḃairt an bainne ó chró na mbó go dtí an mainistir; do leaġ a ceann ar a uċt agus tuit na deora anuas leis. Bí fios aige go mbeaḋ a maiġistir á fáġaint an oiḋċe sin, agus bí leis, mar fuair sé bás isteiġ san Chill agus na bráiṫre ina timċeall ar uair an meaḋon oiḋċe.

Aḋḃar cleaċta—Aoḋ Ruaḋ Ó Domnaill, Oileán Í.

CAD IS?

Cad is leiṫ-inse ann? Roinn talṁan ina mbeaḋ an t-uisge mór-timċeall uirre beaġnaċ. An loḋáil cuir i gcás.

Cad is oileán ann? Roinn talṁan agus an t-uisge mór-timċeall uirre.

Cad is ceann tíre ann? Roinn talṁan a ceiḋean amaċ insan bparraiġe.

Bíonn ainmeaċa eile ar ceann tíre .i. lorrus, rinn, gob, cos, sál, bior, srl.

Cad is dorlaing ann? Muineul caol talmhan deanglan dá roinn mhóra talmhan de Éirle. Dorlang Suez, cuir i gcás.

Cad is sliabh ann? Roinn den talamh a bíon anáirde go mór os cionn na coda eile.

Cad is cnoc ann? Árdán is ísle ná sliabh.

Cad is gleann ann? An log do bíon idir dá sliabh, nó dá árdán talmhan.

Cad is bolcán ann? Cnoc a caitean luaithe teine, lasraca, irl., uaidh.

Cad is mág ann? Roinn talmhan comhthrom, nó beagnach comhthrom.

Cad is fásach ann? Réim mór tíre, tirm, gan súgluch.

Cad is imeall-bórd ann? Roinn den talamh cois na farraige.

Cad is dealt ann? Abha ag dul i bfarraige agus an-cuid ladar uirre.

Cad is farraige ann? Roinn d'uisge a bíon níos lugha ná aigéin, acht uaireanta, is mara Éirle é agus aigéin; ainm eile air, sáile, bóchna, lear.

Uirge.

cad is?

Cas is muirbolg ann? Oscailt ar imeall-bórdait na tíre; ainmeacha eile air, bág, bléan, cuan, calad, golfán, crompán, cuas, srl.

Cad is loch mara ann? Roinn den muir, agus an talamh nach mór ina timcheall.

Cad is calad ann? Slige chaol uisge a mbíon port ar gach taob de.

Cad is loch ann? Roinn uisge agus an talamh mór-timcheall air, nó láimh leis.

Cad is aba ann? Sruth fíoruisge a riothan tríd an talamh, isteach insan muir, nó i loch.

cad í, cá agus cad é?

Cad í an aba is sia i néirinn? An t-Sionainn.

Cá n-eirigean sí? I Sliabh Cailceach.

Cá dteidean sí i bfarraige? I loch Luimnig.

Cad é an fáid tá innte? Dá chéad fiche ceathair de mílthib.

Cad é an fáid is ion-seolta í? Go luimneach do longa móra, acht is ion-seolta an cuid is mó di do bádaib.

Cá n-eirigean an t-Siúir?

Cá n-eirigean Laoi, srl.?

SLIABH.

CAD É AN SLIABH IS MÓ I GCIARRAIDH ?

CAD É AN SLIABH IS MÓ I NÉIRINN ?

CAD É AN BEANN IS AOIRDE DE SLIABH CUALANN ? LOG NA COILLE.

CAD IS ÁDAIR?

CAD IS ÁDAIR DO PHORTLÁIRGE ?
AN MÓ DUINE INSAN ČATAIR ?
AN MÓ DUINE INSAN CONDAE ?
AN MÓR MEASA AR TALAMH AN CONDAE ?

MIANAIG.

BFUIL AON MHIANAČ I BPORTLÁIRGE ? TÁ, UAMHA.
BFUIL AON MHIANAČ I GCILL MANTÁIN ? TÁ, ÓR, GRL.

CATAIR.

AN CATAIR CORCA ? ISEADH.
CAD Í AN ČATAIR IS MÓ I NÉIRINN ?

CAD Í PRIOMH ČATAIR NA HÉIREANN ?
AN CATAIR CUAIN Í LUIMNIG ? SEADH.

AN BAILE PUIRT É DÚNGARBÁN ? ISEADH.
AN BAILE PUIRT É DÚRLAS ? NÍ H-EADH, ACT BAILE TIREAČ.

CAD É AN CONDAE IS MÓ I NÉIRINN ?
CAD É AN CONDAE IS LUGA I NÉIRINN ?
CAD É AN CONDAE IS MÓ SLIABH ?
CAD É AN CONDAE IS MÓ LOČ ?
CAD É AN CONDAE IS MÓ ABANN ?

CAD IS CIONNTAČ LE MÓIN BEIT INSAN TALAMH ?
CAD IS CIONNTAČ LE GUAL BEIT INSAN TALAMH ?

iasgaireacht.

An marbuigtear mórán éisg timcheall na h-Éireann?
Ní déintear leat an oiread agus ba chóir.
'Dé chúis é sin? Mar ná fuil cóir chóir ag muintir na h-Éireann chuige.
Cad do bead uata? Dáil i bfad nios fearr.
An biad folláin iasg? 'Sead, i bfad nios folláine ná feoil.

gaoluinn.

An labartar mórán Gaoluinne i nÉirinn?
Ní labartar, act tá an sgeul ag dul i bpeabas.
An féidir náisiún beit ann gan teanga?
Ní féidir, mar tír gan anam 'sead tír gan teanga. Mar sin labair do theanga féin, agus ná bíod comharta an daoir, agus comharta na meatlacta ar siubal leat.

RARY
14
JUN

Focloir.

Armaí Céirdseamail	..	Ráinaine, jarl.
Burgéis	.. ..	Baile beag.
Ceannair	.. ..	Aois.
Ceud	.. ..	Roinc talmhan.
Driogaireacc	.. ..	Ag deunam biotáille.
Droc-tátal	.. ..	Droc-amhras.
Grúdaireacc	.. ..	Ag deunam leanna.
I léig	.. ..	Ar fán.
Scuabarnac	.. ..	Crainn beaga 7 iad curca go tiug.
Ulm	.. ..	Slabra, ceangal.

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 15 29 08 03 014 5